Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth An Dúin

# Tuarascáil Bhliantúil 2011



dlr
Comhairle Contae County Council

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Réamhrá leis an gCathaoirleach & leis an mBainisteoir Contae | 2 |
| Dún Laoghaire-Rathdown County Council<br>Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth An Dúin | 3 |
| Comhaltas Choiste na gComhairleoirí i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | 5 |
| Comhaltas Comhairleoirí ar Chomhlachtaí Eile | 6 |
| Comhaltas An Choiste ar Bheartas Straitéiseach (CBS) | 9 |
| Tuarascálacha an Choiste ar Bheartas Straitéiseach | 11 |
| Liosta Comhdhálacha/Seimineár Oiliúna ar ar freastalaíodh i rith 2011 | 12 |
| An Rannóg Ailtirí | 14 |
| An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus TF. | 17 |
| An Rannóg Comhshaoil, Cultúir & Pobail | 21 |
| An Rannóg Airgeadais | 25 |
| An Rannóg Tithíochta | 28 |
| An Rannóg Acmhainní Daonna agus An Bord Forbartha Contae | 32 |
| An Rannóg Seirbhísí Dlí | 39 |
| An Rannóg Pleanála | 40 |
| An Rannóg Iompair | 44 |
| An Rannóg Seirbhísí Uisce & Dramhaíola | 48 |
| Ráitis Bhliantúla Airgeadais 2011 | 51 |
| Clár Comhardaithe Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2011 | 52 |
| Cuntas Ioncaim & Caiteachais don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2011 | 53 |
| Táscairí Seirbhíse 2011 | 54 |
| Bainistíocht Fuinnimh/Eolas ar chúrsaí Fuinnimh | 68 |

# Réamhrá leis an gCathaoirleach & leis an mBainisteoir Contae



**An Comh. John Bailey**
An Cathaoirleach



**Owen P. Keegan**
An Bainisteoir Contae

Is mór againn Tuarascáil Bhliantúil 2011 na Comhairle a chur i láthair, tuarascáil ina dtugtar breac-chuntas ar obair na Comhairle ó thaobh seirbhísí tábhachtacha poiblí agus raon tionscadal bonneagair a chur i gcrích i gcaitheamh na bliana, agus iad uile go léir ag dul i gcion ar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ionas gurbh áit tharraingteach é le bheith ag obair, ag maireachtáil agus i mbun gnó ann.

Sa bhliain 2011, b'éigean don Chomhairle déileáil le hiarmhairtí geilleagair intíre a bhí an-lag agus leis an ngéarchéim leanúnach san airgeadas poiblí. Ba laghdú suntasach an laghdú ar ár leithdháileadh don bhliain 2011 as Ciste an Rialtais Áitiúil, i gcomparáid le laghdú na bliana 2010, (díreach faoi 9%) ach lena chois sin tháinig rátaí tráchtála agus gach foinse eile ioncaim a bhí ag an gComhairle faoi bhrú freisin. B'éigean don Chomhairle déileáil freisin leis an drochthionchar ó thaobh airgeadais de a bhain leis an athluacháil a rinne an Oifig Luachála ar a bonnráta tráchtála – bhí éifeacht leis na luachálacha nua an 1 Eanáir 2011. Bhí caillteanas mór ioncaim ar an gComhairle de bharr na hathluachála, a raibh sé ceaptha di a bheith 'gan iarmhairtí ioncaim', mar gurbh éigean foráil €3.5 milliún a dhéanamh le húsáid chun costas na n-achomharc rathúil chun na hOifige Luachála/an Bhinse Luachála a sheasamh. Is fiú le rá, agus an méid sin sa mhullach uirthi, go raibh ar chumas na Comhairle an raon leathan seirbhísí a sholáthraíonn sí a choinneáil ar bun agus a ráta tráchtála (RBL) a laghdú faoi 2% eile sa bhliain 2011.

D'ainneoin dálaí airgeadais a bheith corrach, ghlac an Chomhairle Clár Caipitil ardaidhmeannach ag an gcruinniú a bhí aici i mBealtaine 2011. Clúdaíonn an clár an tréimhse ceithre bliana 2011 go 2014 agus rinneadh foráil €77.3 milliún ann do na tionscadail chaipitil reatha agus foráil €140 milliún do thionscadail nua sna réimsí seo - iompar, seirbhísí uisce & dramhaíola, comhshaol, cultúr agus saoráidí pobail. Is as acmhainní na Comhairle féin a thiocfaidh an chuid is mó den chistiú le haghaidh an Chláir.

B'éigean don Chomhairle déileáil freisin le titim mhór sa líon foirne in 2011. San iomlán, d'fhág 75 ball foirne (coibhéis lánaimseartha) fostaíocht na Comhairle i gcaitheamh na bliana, ó bhaill a d'imigh ar scor sa ghnáthchúrsa, baill a ghlac sos gairme agus baill a d'imigh faoin scéim luathscoir dhreasaithe. Faoi dheireadh mhí na Nollag 2011, bhí 367 duine (coibhéis lánaimseartha) níos lú i bhfostaíocht na Comhairle rud ab ionann is titim 26% ón ráta ab airde fostaíochta mar a bhí an 31 Nollaig 2003.

Dúshlán ollmhór don Chomhairle ba ea an fhíor-dhrochaimsir a bhí ann i dtús na bliana ó thaobh seirbhís réasúnach a chothabháil ar an líonra bóithre nuair a sheas an sneachta agus an sioc ar feadh i bhfad agus ansin nuair a bhí an leac oighir leáite, déileáil leis an damáiste mór a bhí déanta don líonra dáilte uisce. Is údar mór bróid don Chomhairle an chaoi ar thug sí faoi na dúshláin seo, lena n-áirítear na hiarrachtaí a rinneadh leis an bpobal a choinneáil ar an eolas. Chuige sin, ba ghá dianiarracht, dúthracht agus díograis ó lear mór de bhaill foirne na Comhairle ar fud fad na heagraíochta ar leas na seirbhíse poiblí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith linn aitheantas a thabhairt do cheannaireacht na gComhaltaí Tofa agus buíochas a ghlacadh le foireann na Comhairle as a saothar i rith na bliana.



**Owen P Keegan**
An Bainisteoir Contae

**Councillor John Bailey**
An Cathaoirleach

# Dún Laoghaire-Rathdown County Council Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth An Dúin

## MAR ATÁ 31/12/2011

### Toghcheantar an Bhaile Bhric

**BAILEY, Maria (F.G.)**
An Choill Mhór, Bóthar Chill Iníon Léinín, Cill Iníon Léinín, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-1019750
**Facs:** 2854129
**Ríomhphost:** mbailey@cllr.dlrcoco.ie

**LEWIS, Hugh (P.B.P.)**
179 Páirc Phlásóg na Fuinseoige, An Baile Breac, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-7814523
**Fón Póca:** 087-3276267
**Ríomhphost:** hlewis@cllr.dlrcoco.ie

**MARREN, Donal (F.G.)**
17 Lóiste na Carraige, Cill Iníon Léinín, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-6078195
**Teil:** 2853160 (Baile)
**Ríomhphost:** dmarren@cllr.dlrcoco.ie

**O'CALLAGHAN, Denis (L.OIBRE)**
49 Páirc Ráth Salach, Seanchill, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-2785609
**Teil/Facs:** 2822436 (Baile)
**Ríomhphost:** denisoc@cllr.dlrcoco.ie

**SMYTH, Carrie (L. OIBRE)**
Inislachan, Bóthar Ghort na Mara, Cill Iníon Léinín, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-3835051
**Ríomhphost:** carriesmyth@cllr.dlrcoco.ie

### Toghcheantar na Carraige Duibhe

**BAKER, Marie (F.G.)**
38 Plásóg Avondale, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-8186704
**Teil:** 2887713 (Baile)
**Ríomhphost:** mbaker@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.mariebaker.net

**BHREATHNACH, Niamh, (L. OIBRE)**
12 Ascaill Anglesea, An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-6078193
**Teil:** 2889321 (Baile)
**Facs:** 2835918
**Ríomhphost:** nbhreathna@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.labour.ie/niamhbhreathnach/

**BOYHAN, Victor (Neamhspleách)**
25 Corrán na Gráinsí, Cill na Gráinsí,
Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-2350382
**Teil:** 2369888 (Baile)
**Ríomhphost:** vboyhan@cllr.dlrcoco.ie

**WARD, Barry (F.G)**
c/o CCDLRD, Halla an Chontae, Bóthar na Mara,
Dún Laoghaire.
**Fón Póca:** 085-1578000
**Ríomhphost:** bward@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.barryward.ie

### Toghcheantar Dhún Laoghaire

**BAILEY, John (F.G.)**
An Choill Mhór, Bóthar Chill Iníon Léinín,
Cill Iníon Léinín, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-8324523
**Facs:** 2854129
**Ríomhphost:** jbailey@cllr.dlrcoco.ie

**BOYD-BARRETT, Richard (P.B.P.) (Tofa chun na Dála 27ú Feabhra 2011)**
Brigadoon, Bóthar an Stáisiúin, Gleann na gCaorach, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-7814520
**Ríomhphost:** rbbarrett@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.richardboydbarrett.org

**DEVLIN, Cormac (F.F.)**
St. Michael's, 117 Ascaill Ghleann na gCaorach, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-8186814
**Teil:** 2750786
**Ríomhphost:** cdevlin@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.cormacdevlin.ie

**DILLON-BYRNE, Jane (L.OIBRE)**
Teach Silchester, Bóthar Silchester, Gleann na gCaorach, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-6078150
**Teil:** 2801624 (Baile)

**FITZPATRICK, Stephen (L.OIBRE)**
9 Páirc Silchester, Gleann na gCaorach, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-7814519
**Ríomhphost:** sfitzpatrick@cllr.dlrcoco.ie

**HALPIN, Melisa (P.B.P.) (Comhthofa 9ú Bealtaine 2011)**
91 Sráid Sheoirse Íochtarach, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-3805793
**Ríomhphost:** mhalpin@cllr.dlrcoco.ie

**MITCHELL O'CONNOR, Mary (F.G.) (Tofa chun na Dála 27ú Feabhra 2011)**
31 Mainéar na Mailpe, Cábán tSíle, Baile Átha Cliath 18.
**Fón Póca:** 086-8186725
**Ríomhphost:** mmoconnor@cllr.dlrcoco.ie

**STEWART, Patricia (F.G.) (Comhthofa 14ú Márta 2011)**
7 Lána na Stáblaí, Ardán Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-8291002
**Ríomhphost:** pstewart@cllr.dlrcoco.ie

## Toghcheantar Dhún Droma

**BRENNAN, Aoife (F.F.)**
31 Páirc Finsbury, Baile an Teampaill, Baile Átha Cliath 14
**Fón Póca:** 086-7814516
**Ríomhphost:** abrennan@cllr.dlrcoco.ie

**CULHANE, Aidan (L. Oibre) (Éirithe as oifig 13ú Meitheamh 2011)**
172 Garrán na Cluana, Dún Droma, Baile Átha Cliath 16.
**Fón Póca:** 087-6885172
**Teil:** 2164449 (Baile)
**Ríomhphost:** aculhane@cllr.dlrcoco.ie

**TALLON, Grace (L. Oibre) (Comhthofa 12ú M. Fómh. 2011)**
5 Ascaill Dhroim Meala, Dún Droma, Baile Átha Cliath 14
**Fón Póca:** 086-2492837
**Ríomhphost:** gtallon@cllr.dlrcoco.ie

**FOX, Tony (Neamhspleách)**
93 Páirc Radharc an tSléibhe, Baile an Teampaill, Baile Átha Cliath 14
**Fón Póca:** 086-6086903
**Teil:** 2980816 (Baile)
**Ríomhphost:** tonyfox@cllr.dlrcoco.ie

**HAND, Pat (F.G.)**
25 Garrán an Chrainn Chnó Capaill, Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16
**Fón Póca:** 086-6078181
**Teil:** 4945905 (Baile)
**Ríomhphost:** phand@cllr.dlrcoco.ie

**O'Dea, Jim (F.G.)**
8 Garrán Ghleann na Giúise, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16
**Fón Póca:** 087-7677722
**Ríomhphost:** jodea@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.jimodea.ie

## Toghcheantar Stigh Lorgan

**HORKAN, Gerry (FF)**
7 Páirc Choill an Chuilinn, Baile na nGabhar, Baile Átha Cliath 14
**Fón Póca:** 086-3881531
**Ríomhphost:** ghorkan@cllr.dlrcoco.ie

**HUMPHREYS, An Dr. Richard (L.OIBRE)**
34 Bóthar an tSeiceamair, Cnoc Mhuirfean, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-7814518
**Ríomhphost:** rhumphreys@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.richardhumphreys.ie

**O'KEEFFE, Gearóid (Neamhspleách)**
13 Rocwood, Carraig an tSionnaigh, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-8186727
**Ríomhphost:** gokeeffe@cllr.dlrcoco.ie

**SAUL, Barry (F.G.)**
3 Bóthar Mather Thuaidh, Cnoc Mhuirfean, Co. Bhaile Átha Cliath.
**Fón Póca:** 086-7814517
**Ríomhphost:** bsaul@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.barrysaul.ie

## Toghcheantar Ghleann Cuilinn / Áth an Ghainimh

**JOYCE, Tom (F.G.)**
2 Fearann an Teampaill, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18
**Fón Póca:** 086-3881530
**Ríomhphost:** tjoyce@cllr.dlrcoco.ie

**McCARTHY, Lettie (L.OIBRE)**
23 Arda Chill Ghobáin, An Chéim, Baile Átha Cliath 18
**Fón Póca:** 086-8186718
**Ríomhphost:** Lmccarthy@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.lettie.net

**MURPHY, Tom (F.F.)**
Tree Tops, Barr na Coille, Áth an Ghainimh, Baile Átha Cliath 18
**Fón Póca:** 086-7814515
**Ríomhphost:** tmurphy@cllr.dlrcoco.ie

**RICHMOND, Neale (F.G.)**
23 Arda Bhaile an Rí, Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16.
**Fón Póca:** 086-7814514
**Ríomhphost:** nrichmond@cllr.dlrcoco.ie
**Suíomh Gréasáin:** www.nealerichmond.com

# Comhaltas Choiste na gComhairleoirí i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

| AINM AN CHOMHAIRLEORA | COISTE LIMISTÉIR DHÚN LAOGHAIRE | COISTE LIMISTÉIR DHÚN DROMA | AN COISTE EAGRÚCHÁIN, NÓSANNA IMEACHTA AGUS PRÓTACAIL |
|---|---|---|---|
| Bailey, An Comh. John | ✔ | | ✔ |
| Bailey, An Comh. Maria | ✔ | | |
| Baker, An Comh. Marie | ✔ | | ✔ |
| Bhreathnach, An Comh. Niamh | ✔ | | ✔ |
| Boyd Barrett, An Comh. Richard (Tofa chun na Dála 27ú Feabhra 2011) | ✔ | | |
| Boyhan, An Comh. Victor | ✔ | | ✔ |
| Brennan, An Comh. Aoife | | ✔ | |
| Culhane, An Comh. Aidan (Éirithe as oifig an 13ú Meitheamh 2011) | | ✔ | |
| Devlin, An Comh. Cormac | ✔ | | |
| Dillon-Byrne, An Comh. Jane | ✔ | | |
| Fitzpatrick, An Comh. Stephen | ✔ | | |
| Fox, An Comh. Tony | | ✔ | |
| Halpin, An Comh. Melisa (Comhthofa an 9ú Bealtaine 2011) | ✔ | | |
| Hand, An Comh. Pat | | ✔ | ✔ |
| Horkan, An Comh. Gerry | | ✔ | ✔ |
| Humphreys, An Comh. Richard | | ✔ | ✔ |
| Joyce, An Comh. Tom | | ✔ | ✔ |
| Lewis, An Comh. Hugh | ✔ | | ✔ |
| Marren, An Comh. Donal | ✔ | | ✔ |
| McCarthy, An Comh. Lettie | | ✔ | |
| Mitchell O'Connor, An Comh. Mary (Tofa chun na Dála an 27ú Feabhra 2011) | ✔ | | |
| Murphy, An Comh. Tom | | ✔ | |
| O'Callaghan, An Comh. Denis | ✔ | | ✔ |
| O'Dea, An Comh. Jim | | ✔ | |
| O'Keeffe, An Comh. Gearóid | | ✔ | |
| Richmond, An Comh. Neale | | ✔ | ✔ |
| Saul, An Comh. Barry | | ✔ | ✔ |
| Smyth, An Comh. Carrie | ✔ | | ✔ |
| Stewart, An Comh. Patricia (Comhthofa an 14ú Márta 2011) | ✔ | | |
| Tallon, An Comh. Grace (Comhthofa an 12ú Meán Fómhair 2011) | | ✔ | |
| Ward, An Comh. Barry | ✔ | | ✔ |

# Comhaltas Comhairleoirí ar Chomhlachtaí Eile

| COMHAIRLEOIR/ COMHALTA | CUMANN COMHAIRLÍ CONTAE IS CATHRACH [ARDCHOMHAIRLE NA GCOMHAIRLÍ CONTAE MAR A BHÍODH] | AN COISTE INIÚCHTA | COISTE GAIRMOIDEACHAIS CHONTAE ÁTHA CLIATH | CUIDEACHTA BHAILE OIDHREACHTA DHEILGINSE | MAOINE DLRD | TASCHFÓRSA AR DHRUGAÍ | EAGRAÍOCHT THURASÓIREACHT RÉIGIÚNACH CHATHAIR AGUS CHONTAE ÁTHA CLIATH TEO | AN GRÚPA AR BHEARTAS STRAITÉISEACH DO CHOMHAONTÚ FOSTAÍOCHTA ÁTHA CLIATH | ÚDARÁS RÉIGIÚNACH BHAILE ÁTHA CLIATH | COISTE OIBRIÚCHÁIN A.E. ÚDARÁS RÉIGIÚNACH ÁTHA CLIATH | CUMANN FIONTAR POBAIL DHÚN LAOGHAIRE | BORD FIONTAR CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN | SEIRBHÍSÍ FÓILLÍOCHTA DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN | COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT CHONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Comh. J. Bailey | | ✔ | | ✔ | | | | | | | | | ✔ | |
| An Comh. M. Bailey | | | | | | | | | | | | | | |
| An Comh. M. Baker | | | | | ✔ | | | | | | | ✔ | | |
| An Comh. N. Bhreathnach | | | | | | ✔ | | ✔ | | | | | | |
| An Comh. R. Boyd Barrett (Tofa Chun Na Dála An 27Ú Fea 2011) | | | | | | | | | | | | | | |
| An Comh. V. Boyhan | | | | | | | | | | | | | | |
| An Comh. A. Brennan | | | | | | | | | | | | | | |
| An Comh A. Culhane (Éirithe As Oifig An 13Ú Meitheamh 2011) | | | | | | | | | ✔ | | | ✔ | | |
| An Comh. C. Devlin | | | | | | | | | | | | | | |
| An Comh. J. Dillon-Byrne | | | | | | | | | | | | | | |
| An Comh. S. Fitzpatrick | | | | | | | | | ✔ | | | | | ✔ |
| An Comh. T. Fox | | | | | | | | | | | | ✔ | | |
| An Comh. M. Halpin,(Comhthofa An 9Ú Beal. 2011) | | | | | | | | | | | | | | |
| An Comh. P. Hand | ✔ | | ✔ | | | | | | | | | ✔ | | |
| An Comh. G. Horkan | | ✔ | | | ✔ | | | | ✔ | | ✔ | | | |
| An Comh. An Dr. R. Humphreys | | ✔ | | | | | | | | | | | | |
| An Comh. T. Joyce | | | | | | | | | | | | | | |
| An Comh. H. Lewis | | | | | | | | | | | | | | |
| An Comh. D. Marren | | | | | | | | | | | | | ✔ | |
| An Comh. L. Mccarthy | | | | | ✔ | | ✔ | | ✔ | | | ✔ | | |
| An Comh.M. Mitchell O'connor (Tofa Chun Na Dála An 27Ú Fea 2011) | | | | ✔ | | | | | | | | | | |
| An Comh. T. Murphy | | | | | | ✔ | | | | | | | | |
| An Comh. D. O'callaghan | ✔ | | | | | | | | | | | | ✔ | |
| An Comh. G. O'keeffe | | | | | | | | | | | | | | |
| An Comh. O'dea Jim | | | | | | | | | | | | | | |
| An Comh. N. Richmond | | | | | | | | | ✔ | ✔ | | | ✔ | |
| An Comh. B. Saul | | | | | ✔ | | | | ✔ | | | | | ✔ |
| An Comh. C. Smyth | | | ✔ | | | | | | | | | | | |
| An Comh. P. Stewart (Comhthofa An 14Ú Márta 2011) | | | | ✔ | | | | | | | | | | |
| An Comh. G. Tallon (Comhthofa An 12Ú Meán Fómhair 2011) | | | | | | | | | | | | | | |
| An. Comh. B. Ward | ✔ | | | | | | | | | | | | | |

| COMHAIRLEOIR / COMHALTA | CUIDEACHTA AMHARCLAINNE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN | COISTE GAIRMOIDEACHAIS DHÚN LAOGHAIRE | ÚDARÁS ABHANTRACH AN OIRTHIR | COMHAR-ÁRACHAIS COMHAIRLÍ ÉIREANN TEO. | AN COMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA | CUMANN CHOMHALTAÍ NA NÚDARÁS ÁITIÚIL | COISTE CHOMHALTAÍ NA NÚDARÁS ÁITIÚIL MAIDIR LE TREOIRLÍNTE DO PHLEANÁIL STRAITÉISEACH I MÓRCHEANTAR BHAILE ÁTHA CLIATH | AN FÓRAM ÁITIÚIL PÓILÍNEACHTA | COISTE COMHAIRLÚCHÁIN ÁITIÚIL ARNA BHUNÚ FAOI ACHT NA DTITHE (CÓIRÍOCHT DON LUCHT SIÚIL), 1998 | CISTE CUIMHNEACHÁIN AN TIARNA EDWARD FITZGERALD |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Comh. J. Bailey | | ✔ | | | | | | | | |
| An Comh. M. Bailey | | ✔ | | | | | | | | |
| An Comh. M. Baker | | | | | ✔ | | | | | ✔ |
| An Comh. N. Bhreathnach | | ✔ | | | ✔ | | ✔ | | | |
| An Comh. R. Boyd Barrett (Tofa chun na Dála an 27ú Feabhra 2011) | | | | | | | | | | |
| An Comh. V. Boyhan | | | | | | | | | | |
| An Comh. A. Brennan | | | | | ✔ | | | | | |
| An Comh A. Culhane (Éirithe as oifig an 13ú Meitheamh 2011) | | | | | | | ✔ | | | |
| An Comh. C. Devlin | ✔ | ✔ | | | ✔ | | | | | |
| An Comh. J. Dillon-Byrne | ✔ | ✔ | ✔ | | ✔ | | | | | |
| An Comh. S. Fitzpatrick | | ✔ | | | | | | | | |
| An Comh. T. Fox | | | | | | | | | | |
| An Comh. M. Halpin (Comhthofa an 9ú Bealtaine 2011) | | | | | | | | | | |
| An Comh. P. Hand | | | | | | | | | | |
| An Comh. G. Horkan | | | | | | | | | | |
| An Comh. An Dr. R. Humphreys | | | | | ✔ | | | | | ✔ |
| An Comh. T. Joyce | | ✔ | | | ✔ | | ✔ | | | |
| An Comh. H. Lewis | | | | | ✔ | | | | | |
| An Comh. D. Marren | ✔ | ✔ | | | | ✔ | | | | |
| An Comh. L. McCarthy | | | | | ✔ | | | | | |
| An Comh. M. Mitchell O'Connor (Tofa chun na Dála an 27ú Feabhra 2011) | | | | | ✔ | | | | | |
| An Comh. T. Murphy | | ✔ | | | | | | | ✔ | |
| An Comh. D. O'Callaghan | | | | | | | | | ✔ | |
| An Comh. G. O'Keeffe | | | | | | | | | | |
| An Comh. O'Dea Jim | | | | | ✔ | | | | ✔ | |
| An Comh. N. Richmond | | | | | | | | | | |
| An Comh. B. Saul | | | ✔ | | ✔ | | | | | |
| An Comh. C. Smyth | | | | | ✔ | | | ✔ | | |
| An Comh. P. Stewart (Comhthofa an 14ú Márta 2011) | | | | | ✔ | | | | | |
| An Comh. G. Tallon (Comhthofa an 12ú Meán Fómhair 2011) | | | | | | | | | | |
| An Comh. B. Ward | | | | ✔ | ✔ | | | | | ✔ |

# Comhaltas Comhairleoirí ar Chomhlachtaí Eile

| COMHAIRLEOIR / COMHALTA | COISTE MONATÓIREACHTA LÁR DHÚN LAOGHAIRE– PLEAN COMHTHÁITE CEANTAIR | SAORÁID PHOBAIL BHAILE AN CHNOIC | AN FÓRAM SLÁINTE RÉIGIÚNACH | CUIDEACHTA TUAITHE LEADER BHAILE ÁTHA CLIATH | COMHAONTAS CHEANTAR GNÓ ÁTH AN GHAINIMH | FOCHOISTE SIMS/GRÚPA MONATÓIREACHTA RAPID AN CHONTAE | TIONÓL RÉIGIÚNACH AN DEISCIRT AGUS AN OIRTHIR | COMHPHÁIRTÍOCHT DHEISCEART BHAILE ÁTHA CLIATH, DLRD |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An Comh. J. Bailey | ✔ | ✔ | | | | | | |
| An Comh. M. Bailey | | | ✔ | | | | | |
| An Comh. M. Baker | | | | | | | | |
| An Comh. N. Bhreathnach | | | | | | | | |
| An Comh. R. Boyd Barrett (Tofa chun na Dála an 27ú Feabhra 2011) | | | | | | | | |
| An Comh. V. Boyhan | | | | | | | | |
| An Comh. A. Brennan | | | | | | | | |
| An Comh A. Culhane (Éirithe as oifig an 13ú Meitheamh 2011) | | | | | | | ✔ | |
| An Comh. C. Devlin | | ✔ | | | | | | |
| An Comh. J. Dillon-Byrne | | | ✔ | | | | | |
| An Comh. S. Fitzpatrick | ✔ | ✔ | | | | | | ✔ |
| An Comh. T. Fox | | | ✔ | | | ✔ | | ✔ |
| An Comh. M. Halpin (Comhthofa an 9ú Bealtaine 2011) | | | | | | | | |
| An Comh. P. Hand | | | ✔ | | | | | |
| An Comh. G. Horkan | | | ✔ | | | | | |
| An Comh. An Dr. R. Humphreys | | | | | | | | |
| An Comh. T. Joyce | | | | | ✔ | | | |
| An Comh. H. Lewis | | | | | | | | ✔ |
| An Comh. D. Marren | | | | | | ✔ | | |
| An Comh. L. McCarthy | | | | ✔ | ✔ | | ✔ | |
| An Comh. M. Mitchell O'Connor (Tofa chun na Dála an 27ú Feabhra 2011) | | | | | | | | |
| An Comh. T. Murphy | | | | | | | | |
| An Comh. D. O'Callaghan | | | ✔ | | | | | |
| An Comh. J. O'Dea | | | | | | | | |
| An Comh. G. O'Keeffe | | | | | | | | |
| An Comh. N. Richmond | | | | | | | | |
| An Comh. B. Saul | | | | | | | ✔ | |
| An Comh. C. Smyth | | | | | | ✔ | | |
| An Comh. P. Stewart (Comhthofa an 14ú Márta 2011) | | | | | | | | |
| An Comh. G. Tallon (Comhthofa an 12ú Meán Fómhair 2011) | | | | | | | | |
| An Comh. B. Ward | | | | | | | | |

# Comhaltas An Choiste ar Bheartas Straitéiseach (CBS)

*** Tá comhaltas an CBS 2011 sa tábla.**

| COMHAIRLEOIR / COMHALTA | AN CBS DON CHOMHSHAOL, CULTÚR AGUS POBAL | AN CBS DO SHEIRBHÍSÍ UISCE & DRAMHAÍOLA | AN CBS DON TITHÍOCHT | AN CPS DON PHLEANÁIL | AN CPS DON IOMPAR |
|---|---|---|---|---|---|
| Bailey, An Comh. John | | | ✔ | ✔ | |
| Bailey, An Comh. Maria | | | | ✔ | *Cath.* |
| Baker, An Comh. Marie | | ✔ | | | ✔ |
| Bhreathnach, An Comh. Niamh (Ceaptha ina Cathaoirleach ar CBS 4ú Iúil 2011) | | | | *Cath.* | ✔ |
| Boyd Barrett, An Comh. Richard (Tofa chun na Dála an 27ú Feabhra 2011) | | | ✔ | ✔ | |
| Boyhan, An Comh. Victor | | | | ✔ | ✔ |
| Brennan, An Comh. Aoife | ✔ | | ✔ | | |
| Culhane, An Comh. Aidan (Éirithe as oifig an 13ú Meitheamh 2011) | | | ✔ | *Cath.* | |
| Devlin, An Comh. Cormac | ✔ | | | | ✔ |
| Dillon-Byrne, An Comh. Jane | | ✔ | ✔ | | |
| Fitzpatrick, An Comh. Stephen | ✔ | ✔ | | | |
| Fox, An Comh. Tony | ✔ | | | | ✔ |
| Halpin, An Comh. Melisa (Comhthofa an 9ú Bealtaine 2011) | | | ✔ | ✔ | |
| Hand, An Comh. Pat | | ✔ | ✔ | | |
| Horkan, An Comh. Gerry | | *Cath.* | | | ✔ |
| Humphreys, An Comh. An Dr. Richard | | ✔ | | | ✔ |
| Joyce, An Comh. Tom (Éirithe as Cathaoirleacht CBS 1ú Noll 2011) | | | *Cath.* | ✔ | |
| Lewis, An Comh. Hugh | ✔ | ✔ | | | |
| Marren, An Comh. Donal (Ceaptha ina Chathaoirleach ar CBS 12ú Noll 2011) | ✔ | | *Cath.* | | |
| McCarthy, An Comh. Lettie | | | ✔ | ✔ | |
| Mitchell O'Connor, Mary (Tofa chun na Dála an 27ú Feabhra 2011) | ✔ | | | ✔ | |
| Murphy, An Comh. Tom | | ✔ | | ✔ | |
| O'Callaghan, An Comh. Denis | *Cath.* | | ✔ | | |
| O'Dea, An Comh. Jim | ✔ | | | ✔ | |
| O'Keeffe, An Comh. Gearóid | | ✔ | ✔ | | |
| Richmond, An Comh. Neale | | ✔ | ✔ | | |
| Saul, An Comh. Barry | ✔ | ✔ | | | |
| Smyth, An Comh. Carrie | ✔ | | | | ✔ |
| Stewart, An Comh. Patricia (Comhthofa an 14ú Márta 2011) | ✔ | | | ✔ | |
| Tallon, An Comh. Grace (Comhthofa an 12ú M. Fómh. 2011) | | | ✔ | ✔ | |
| Ward, An Comh. Barry | ✔ | | | | ✔ |

| IONADAITHE Ó NA hEARNÁLACHA | An CBS don Chomhshaol, Cultúr agus Pobal | An CBS do Sheirbhísí Uisce & Dramhaíola | An CBS don Tithíocht | An CBS don Phleanáil | An CBS don Iompar |
|---|---|---|---|---|---|
| Carney, Philip | | | ✔ | | |
| Coleman, Matthew | | | | | ✔ |
| Cronin, Niamh | | | | | *Éirithe as 08/2011* |
| Crowe, Michael | | | ✔ | | |
| Donelan, Richard | *Éirithe as 05/2011* | | | | |
| Ferris, Liz | ✔ | | | | |
| Fitzgerald, Orla | | | | ✔ | |
| Fitzpatrick, Séamus | | | ✔ | | |
| Fitzsimons, Ken | | | | | ✔ |
| Fitzsimons, Robert | | | | | ✔ |
| Gallagher, Matt | | | | ✔ | |
| Heywood, Veronica | | | | ✔ | |
| Humphreys, Orlaith | | | | ✔ | |
| Keogh, Chris | ✔ | | | | |
| Kirker, Roger | ✔ | | | | |
| Kivlehan Thomas | | ✔ | | | |
| Merrigan, Michael | ✔ | | | | |
| Morley, Catherine | | | ✔ | | |
| Nolan, Tom | | | | | ✔ |
| O'Callaghan, Paul | | | | ✔ | |
| O'Connor, Noel | | | ✔ | | |
| O'Donnell, Martin | | | | ✔ | |
| O'Hanlon, John | | ✔ | | | |
| O'Neill, Hugh | | ✔ | | | |
| O'Neill, Séamas | | | ✔ | | |
| O'Shea, Stephen | | ✔ | | | |
| O'Sullivan, Damien | ✔ | | | | |
| Robinson, Matt | | *Éirithe as 04/2011* | | | |
| Sanfey, Michael | | ✔ | | | |
| Tierney, Michael | | | | | *Éirithe as 01/2011* |

# Tuarascálacha an Choiste ar Bheartas Straitéiseach

## An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Phleanáil

Tionóladh 4 chruinniú sa bhliain 2011.

Seo a leanas achoimre ar na saincheisteanna a pléadh:-

- An Bhunstraitéis
- Straitéis Airde Foirgnimh
- Tionscnamh na bhForbairtí Tithíochta gan Chríochnú
- An Dréachtchlár Oibre do 2011
- Straitéis Fuinnimh Ghaoithe
- Tuarascáil Bhliantúil ar an gComhaontú maidir le Soláthar Rialtais 2009-2010
- Príomhchathair Dhomhanda an Dearaidh
- An Scéim Ranníocaí Forbartha 2010-2017
- An tAcht um Fhorbairtí Ilaonad 2011
- An Beartas 'Tógáil faoi Chúram'
- Ráitis Deartha
- An Promanád & an Rotharbhealach ó Chill Fhionntain go Cuas an Ghainimh
- Beartas an Rialtais maidir le hAiltireacht
- Alt 261 (reachtaíocht maidir le cairéil) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)
- Dréacht-treoirlínte don Phleanáil Miondíola

## An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Tithíocht

Tionóladh 4 chruinniú sa bhliain 2011.

### Márta

- Cuairt láithreáin ar Theach Bentley
- Cur i láthair ó Stiúrthóir na Gníomhaireachta do Dhaoine gan Dídean ar Dheireadh a chur le hEaspa Dídine Fhadtéarmach

### Bealtaine

- Tuarascáil ar Dhréachtscéim na Leithdháiltí – iarradh ar an Rannóg Tithíochta na húdair imní a bhí ag an gCoiste a chur in iúl don Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

### Meán Fómhair

- Tugadh cur i láthair agus fuarthas tuarascáil ar an Scéim Éifeachtúlachta Fuinnimh agus a tionchar ar stoc tithíochta na Comhairle.
- Tuarascáil ar thithíocht a chur ar fáil do dhaoine scothaosta.

### Nollaig

- Cuireadh tuarascáil faoi bhráid na gComhaltaí i ndáil leis an Scéim Laghdaithe Méide, bhí an Chomhairle tar éis í a chur ar aghaidh.
- Rinneadh cur i láthair ar stádas na n-aonad incheannaithe nach bhfuil díolta agus atá ar láimh, agus ar an Scéim nua, Tóg ar Cíos é d'fhonn é a Cheannach (a sheol an Rannóg Tithíochta le deireanas).

## An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Iompar

Tionóladh 4 chruinniú sa bhliain 2011.

Mheas an coiste na saincheisteanna seo a leanas:

- Criosanna Páirceála d'Áitritheoirí;
- Cuairt láithreáin ar limistéir forbairtí, scéimeanna Bóithre agus Tráchta;
- Dréachtstraitéis Iompair do Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath;
- Measúnú ar an bPlean um Shábháilteacht ar Bhóithre;
- Tuarascáil Bhliantúil 2010 don Iompar, Trácht / Pleanáil;
- Plean Bainistíochta an Chláir don Réthaisteal Limistéir do Cheantar Gnó Áth an Ghainimh;
- Tuarascáil Dul chun cinn ar an gCreatscéim Rothaíochta;
- Sábháilteacht ar Bhóithre;
- Leagadh Grin sa Gheimhreadh;
- Íocaíochtaí gan airgead tirim sna hAonaid, Íoc & Taispeáin.

## An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Uisce agus don Dramhaíl

Tionóladh 4 chruinniú sa bhliain 2011. Rinneadh na saincheisteanna seo a leanas a mheas:

- Forfheidhmiú na Reachtaíochta Comhshaoil
- An Beartas, Díon Glas
- Measúnú agus Bainistíocht ar an mBaol ó Thuilte
- An Beartas Náisiúnta ar Chúrsaí Dramhaíola

## An Coiste ar Bheartas Straitéiseach don Chomhshaol, Cultúr agus Pobal

Tionóladh 4 chruinniú sa bhliain 2011.

Ba iad seo a leanas na príomhphointí a measadh:

- Dréachtbheartas maidir le Soláthar Gairdíní Pobail
- Leasuithe ar an mBeartas atá beartaithe i ndáil le Leachtanna Cuimhneacháin
- Comóradh chomhaireamh an 1550ú bliain ó bhásaigh an Rí Laoghaire sa bhliain 463 AD
- An Beartas atá beartaithe maidir le balla graifítí i limistéar feidhmiúcháin na Comhairle
- Tuarascáil ar na Treoirlínte don Ealaín Phoiblí
- Dréacht de - Á Phlé go Fóill, Beartas Forbartha Ealaíon DLRD 2011-2014
- Plean Forfheidhmithe Bheartas Forbartha Ealaíon DLRD 2012

# Liosta Comhdhálacha/Seimineár Oiliúna ar ar freastalaíodh i rith 2011

| DÁTA | SONRAÍ COMHDHÁLA | LÁTHAIR | LÍON COMHAIRLEOIRÍ DLRD A D'FHREASTAIL |
|---|---|---|---|
| **An Bhliain Acadúil 2010/11** | BA sa Bhainistíocht Phoiblí | Baile Átha Cliath | 1 |
| **28ú - 29ú Eanáir 2011** | Ról na nInstitiúidí Stáit & an Athchóirithe Dlí i gCur Chun Cinn Thodhchaí Gheilleagar na hÉireann | Luimneach | 2 |
| **11ú - 12ú Feabhra 2011** | Seimineár Earraigh an AMAI 2011 | Corcaigh | 5 |
| **3Ú – 5Ú Márta 2011** | An Chomhdháil Bhliantúil Náisiúnta ar an Turasóireacht, Ceatharlach | Ceatharlach | 2 |
| **4Ú Márta 2011** | 'Deis ar Fhuinneamh ag Éirinn – Freagra Chorcaí' | Corcaigh | 3 |
| **18Ú – 20Ú Márta** | Bainistíocht Éifeachtach Ama agus Tosaíochta; Cur chuige cruthaithe chun an táirgiúlacht is airde a bhaint amach | Lú | 2 |
| **24ú - 25ú Márta 2011** | Comhdháil Bhliantúil Chumann na gComhairlí Contae agus Cathrach 2011 | Uíbh Fhailí | 5 |
| **26Ú Márta 2011** | Cuntasacht na nOifigeach agus Daonlathas Parlaiminteach | Gaillimh | 2 |
| **1Ú Aibreán 2011** | Seimineár ar Údaráis Áitiúla neamhnúicléacha: Príomh-shaincheisteanna núicléacha d'údaráis áitiúla na hÉireann sa bhliain 2011 | An Dún | 2 |
| **7Ú – 10Ú Aibreán 2011** | 20ú Comhdháil Chomhshaoil Bhliantúil Chumann Oidhreachta Ráth Tuaidh & Seimineár Oiliúna do Chomhaltaí Tofa | Ciarraí | 4 |
| **8Ú Aibreán 2011** | Dea-rialachas – Cúrsaí mar a bheidh á leagan síos amach ón mBarr Anuas | Baile Átha Cliath | 1 |
| **11ú Aibreán 2011** | Seimineár Réigiúnach do Chomhairleoirí ar an Acht um Pleanáil & Forbairt (Leasú) 2010 | Baile Átha Cliath | 1 |
| **15ú Aibreán 2011** | Seimineár Réigiúnach do Chomhairleoirí ar an Acht um Pleanáil & Forbairt (Leasú) 2010 | An Iarmhí | 1 |
| **29ú – 30ú Aibreán 2011** | Seimineár Earraigh Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil: 'Téarnamh Geilleagrach: Ról don Rialtas Áitiúil' | Lú | 2 |
| **5ú – 6ú Bealtaine 2011** | Comhdháil Náisiúnta Pleanála 2011 an IPI | Gaillimh | 2 |
| **6ú Bealtaine 2011** | Comhdháil Bhliantúil Chomhthionól Réigiún an Deiscirt & an Oirthir | An Iarmhí | 3 |
| **13ú – 15ú Bealtaine 2011** | Tionchair Eorpacha ar an Rialtas Áitiúil in Éirinn | Gaillimh | 2 |
| **17ú Bealtaine 2011** | Fóram ar Dhaonlathas: Billí Príobháideacha: Athbheochan nó Díothú? | Londain | 1 |
| **20ú – 21ú Bealtaine 2011** | Ceapadh an Bheartais Náisiúnta Phoiblí agus an Comhairleoir | Loch Garman | 1 |
| **20ú – 22ú Bealtaine 2011** | Forbairt Ghairmiúil do Chomhairleoirí: Treoir chun an Obair Cheart a chur i gcrích; Cur chuige cruthaithe chun oibreacha tábhachtacha a chríochnú níos tapúla | Luimneach | 3 |
| **27ú Bealtaine 2011** | Comhdháil Bhliantúil Chomhthionól Réigiún an Deiscirt & an Oirthir | Cill Mhantáin | 1 |
| **27ú – 29ú Bealtaine 2011** | Staidéar a dhéanamh ar Athchóiriú an Rialtais Áitiúil – Ceachtanna le foghlaim ón Earnáil Phríobháideach | Gaillimh | 2 |
| **9ú – 12ú Meitheamh 2011** | Cruinnithe Thaillinn | An Eastóin | 2 |
| **16ú Meitheamh 2011** | Bithfhuinneamh 2011 Fuinneamh Adhmaid, Todhchaí Fhuinneamh na hÉireann a Dhaingniú | Loch Garman | 2 |
| **8ú – 10ú Iúil 2011** | Bainistíocht Ama, na Meáin & Scileanna TF | Corcaigh | 3 |
| **15ú – 17ú Iúil 2011** | Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí: Cúrsa Gaeilge do Chomhairleoirí | Dún na nGall | 1 |
| **22ú – 23ú Iúil 2011** | Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí: An Comhairleoir & Seirbhís Chomhshaoil an Rialtais Áitiúil | An Clár | 4 |
| **25ú – 27ú Iúil 2011** | Seisiún Faisnéise do Chomhaltaí Údaráis Áitiúil, Saincheisteanna Reatha i gCúrsaí Oideachais | Gaillimh | 2 |
| **28ú 2011 Iúil** | An Scil a bhaineann le Preaseisiúint a Scríobh | Baile Átha Cliath | 1 |
| **12ú – 13ú Lúnasa 2011** | Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí: Seirbhís Phleanála an Rialtais Áitiúil | Corcaigh | 2 |

| DÁTA | SONRAÍ COMHDHÁLA | LÁTHAIR | LÍON COMHAIRLEOIRÍ DLRD A D'FHREASTAIL |
|---|---|---|---|
| **12ú – 14ú Lúnasa 2011** | Reachtaíocht maidir le hathchóiriú an Rialtais Áitiúil | Maigh Eo | 1 |
| **19ú – 21ú Lúnasa 2011** | Seimineár Oiliúna do na Comhaltaí Tofa: Fuinneamh In-athnuaite á chur chun cinn ag an Rialtas Áitiúil, Buntáistí na Grianchumhachta | Ciarraí | 1 |
| **2ú – 4ú Meán Fómhair 2011** | Feabhsú Ábhair Bholscaireachta & Fabhtcheartú MS Office | Corcaigh | 2 |
| **9ú – 11ú Meán Fómhair 2011** | Méadair Uisce Tí d'Éirinn; Impleachtaí do na Tomhaltóirí agus don Ghnó in Éirinn | Lú | 1 |
| **23ú – 24ú Meán Fómhair 2011** | Seimineár Fómhair Chumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil 2011 | Port Láirge | 5 |
| **23ú – 25ú Meán Fómhair 2011** | Ionadaíocht éifeachtach thar ceann bhur dtoghthóirí | Ciarraí | 1 |
| **27ú – 28ú Meán Fómhair 2011** | Comhdháil Dhébhliantúil ar Thithíocht Shóisialta leis an gComhairle Éireannach um Thithíocht Shóisialta | Gaillimh | 3 |
| **30ú Meán Fómhair – 2ú Deireadh Fómhair 2011** | Seimineár Fómhair Choiste Oidhreachta La Touche 2011 | Cill Mhantáin | 1 |
| **6ú – 7ú Deireadh Fómhair 2011** | Greim a Fháil 2011; Mí–úsáid Substaintí – 'Saincheist Sláinte nó Saincheist Cheartais Choiriúil?' | Ciarraí | 1 |
| **7ú – 9ú Deireadh Fómhair 2011** | Rialacháin nua Rialtais agus a dtionchar ar an Teach | Gaillimh | 1 |
| **8ú – 9ú Deireadh Fómhair 2011** | Seimineár do Chomhairleoirí ar an Rialtais Áitiúil & ar Phleanáil | Luimneach | 4 |
| **14ú – 16ú Deireadh Fómhair 2011** | Na Rialacháin maidir le Measúnú don Tithíocht Shóisialta 2011 | Maigh Eo | 1 |
| **21ú Deireadh Fómhair 2011** | Comhdháil Fhómhair an IPI 2011 | Baile Átha Cliath | 2 |
| **21ú Deireadh Fómhair 2011** | 'An Leas is Fearr is Féidir a bhaint as ár nAcmhainn Mhuirí' | Gaillimh | 4 |
| **21ú – 23ú Deireadh Fómhair 2011** | An leas is fearr a bhaint as Liúntais & Sochair Chánach & Ceardlann ar Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim | Corcaigh | 2 |
| **27ú – 29ú Deireadh Fómhair 2011** | Cruinniú Potsdam | An Ghearmáin | 1 |
| **4ú – 6ú Samhain 2011** | Cumhachtaí an Rialtais Áitiúil Cearta Slí a oscailt / a dhíothú, Athruithe sa Dlí maidir le Cearta Slí a tugadh isteach leis an Acht um Athchóiriú an Dlí Talún agus Tíolactha 2009; Na hImpleachtaí a bheidh ann d'Úinéirí Talún amach anseo | Gaillimh | 3 |
| **10ú Samhain 2011** | Cumann Páirceála na hÉireann – Seimineár 2011 ar Pháirceáil in Éirinn | Baile Átha Cliath | 1 |
| **11ú Samhain 2011** | An seimineár - Údaráis Áitiúla Neamhnúicléacha | Loch Garman | 3 |
| **11ú – 13ú Samhain 2011** | Dearadh chun Urscaoileadh Fuíolluisce a Rialú, a Oibriú agus a Chothabháil | Ciarraí | 2 |
| **11ú – 13ú Samhain 2011** | Pleanáil Straitéiseach do 2012 – Plean praiticiúil a cheapadh ar mhaithe leis an táirgiúlacht phearsanta is mó in 2012 | Laois | 2 |
| **16ú Samhain 2011** | Comhdháil Idirnáisiúnta ar Fhorbairt Pobail | Cill Dara | 1 |
| **18ú – 20ú Samhain 2011** | Seimineár Oiliúna do Chomhairleoirí: Buiséad an Rialtais Áitiúil 2012 | Loch Garman | 4 |
| **24ú – 26ú Samhain 2011** | Comhdháil Náisiúnta ar an Turasóireacht | An Clár | 3 |
| **2ú – 4ú Nollaig 2011** | Obair Dheonach a chur chun cinn | Maigh Eo | 2 |
| **6ú – 8ú Nollaig 2011** | An Caiteachas san Earnáil Phoiblí, Cén réimse ina bhfuil Éire ag caitheamh d'iomarca? | Gaillimh | 1 |
| **9ú – 10ú Nollaig 2011** | 'Sláinte & Sábháilteacht' agus an Comhairleoir, Na Saincheisteanna Árachais & Dliteanais | Tiobraid Árann | 1 |
| **9ú – 11ú Nollaig 2011** | Ceardlanna ar Fheidhmchláir Microsoft Office & ar Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim | Corcaigh | 1 |
| **16ú – 18ú Nollaig 2011** | An tAcht Rialtais Áitiúil (Muirir) 2009 | Gaillimh | 2 |

# An Rannóg Ailtirí

## Cuireann an Rannóg Ailtirí raon leathan de sheirbhísí ar fáil a bhaineann le réimse na tógála sna catagóirí seo a leanas:

**(a) Tithíocht**

**(b) Dearadh Uirbeach + an Fearann Poiblí**

**(c) Foirgnimh Chathartha**

**(d) Caomhnú na hOidhreachta Tógtha**

**(e) Struchtúir/Áiteanna Contúirteacha**

**(f) Bainistíocht Fuinnimh**

**(g) ilghnéitheach**

## Tithíocht

Leanadh den Chlár Tithíochta sa bhliain 2011 agus méadaíodh roinnt de stoc na Comhairle agus rinneadh oiread áirithe uasghrádaithe a bhain le Rátáil Fuinnimh Foirgnimh air. Rinneadh athchóiriú agus uasghrádú ar chórais fuinnimh in 58 aonad i mBeaufort, Glas Tuathail agus rinneadh athchóiriú ginearálta ar Ionad Lae Beaufort. Rinneadh uasghrádú freisin ar an gcóras téite líomatáiste i mBeaufort nuair a athraíodh ó ola go gás é, agus tá téamh uisce chomh maith le téamh áite san áireamh leis anois.

Áiríodh an méid seo a leanas le hobair bainteach le tithíocht a rinne an Rannóg Ailtirí:

- An dearadh don mhéadú ar thithe
- Uasghrádú ar chórais fuinnimh i dteaghaisí folmha a tháinig faoin gComhairle arís lena n-athligean
- Méadú theaghaisí daoine faoi mhíchumas
- Uasghrádú ar sheomraí folctha
- Clár oibre don Chothabháil Bheartaithe

Na Ráillí



Chríochnaigh an Rannán Mionoibreacha sa Rannóg Ailtirí an t-uasghrádú freisin ar 34 seomra folctha faoin Scéim Deontais do Dhaoine Míchumasaithe.

Sa bhliain 2011, leanadh den chlár oibre don Chothabháil Bheartaithe i gcomhar leis an Rannóg Tithíochta. Bhí lear mór de chineál nua oibre ann freisin don Rannóg Ailtirí in 2011 nuair a cuireadh tús, i gcomhar leis an Rannóg Tithíochta, le clár cigireachtaí ar bhonn spotseiceála ar chóiríocht phríobháideach atá ar cíos i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Is é cuspóir an chláir seo a chinntiú go gcomhlíonann an chóiríocht phríobháideach go léir atá ligthe ar cíos na caighdeáin chuí mar atá leagtha amach sna rialacháin reachtúla.

## Dearadh Uirbeach + an Fearann Poiblí

Tá an Rannóg Ailtirí fós ag leanúint ar aghaidh leis an obair shuntasach ar an dearadh uirbeach agus ag tabhairt comhairle i dtaca le saincheisteanna bainteach leis an bhfearann poiblí agus le pleanáil i ngníomhaíochtaí na Comhairle.

Críochnaíodh an obair ar mhórthionscadal feabhsúcháin chathartha ar feadh 'Na Ráillí', Bóthar na Mara, agus Bóthar Crofton in 2011 agus tá ionad nua i nDún Laoghaire de thoradh na hoibre. Sa bhreis ar na Ráillí, tosaíodh ar an dearadh mionsonraithe i gcomhair láthair na bhFolcadán, mar a bhíodh, i nDún Laoghaire. Feabhsóidh sé seo a cuma go mór agus cuirfidh sé le hathnuachan leanúnach an bhaile.

## Foirgnimh Chathartha

B'infheistíocht shuntasach ó Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an infheistíocht in Iosta nua Bhaile Uí Ógáin agus is saoráid atá ann ina gcomhtháthaítear seirbhísí na Comhairle i réimse na Seirbhísí Cothabhála agus Comhshaoil. Foirgneamh trí stór é ina bhfuil oifigí mar aon le bá-stór ard fóntais agus clóis leis.

Is í aidhm an tionscadail foirgneamh cathartha d'ardchaighdeán a thógáil ann chun aghaidh a thabhairt ar cheist an ionaid líonta talún a bhíodh i mBaile Uí Ógáin agus a ndéanfar páirc nua réigiúnach de amach anseo. Ina theannta sin is í an aidhm atá ann i dtaca leis na foirgnimh de go ndéanfaí iarracht ardchaighdeán comhshaoil a bhaint amach san éifeachtúlacht fuinnimh agus san inbhuanaitheacht agus go mbainfí úsáid nuálach as ábhair ionas go mbeidh an timpeallacht oibre is fearr ann don fhoireann.

Leanadh ar aghaidh leis an tseirbhís chomhairleach bainteach le raon leathan d'fhoirgnimh chathartha, lena n-áirítear Ceanncheathrú na Leabharlainne Contae agus an Lárionad Cultúir i bPáirc Uí Mhóráin, foirgnimh atá beartaithe. Áirítear áiseanna nua i Halla an Bhaile i nDeilginis agus i gCuan Chuas an Ghainimh leis na tionscadail chathartha eile atá beartaithe. Áiríodh athchóiriú íoslaigh agus uasghrádú ar áiseanna sláintíochta leis na hoibreacha eile a rinneadh i Halla an Bhaile.

Tugadh faoi líon áirithe tionscadal don Rannóg Comhshaoil, Cultúir agus Pobail sa bhliain 2011. Sa bhliain 2011, cuireadh tús leis an obair chun na Póirsí i gCúirt an Chuilinn, Cúirt an Chéadrais agus Cúirt na Cufróige a dhúnadh agus slacht a chur ar na clóis ar Ascaill na Mailpe, Baile Uí Lachnáin.

Áiríodh an caifé i bPáirc Chábán tSíle leis na tionscadail a críochnaíodh don Rannóg Páirceanna. Fuarthas tairiscintí freisin le haghaidh na hoibre ar chaifé i bPáirc Chill Iníon Léinín agus leis an mbialann i bPáirc Mharlaí a mhéadú.

Rinneadh athchóiriú iomlán ar an Lóiste i Reilig Ghráinseach an Déin in 2011 agus tosaíodh ar an obair ar chaifé nua agus ar áiseanna sláintíochta.

Leanadh den Chlár Feabhsúcháin Leabharlainne faoina ndéantar conláistí níos fearr a sholáthar, leabharlanna a chothabháil agus áiseanna rochtana ar leabharlanna a bheith ag daoine faoi mhíchumas. Bhí ullmhú scéime faoina ndéanfar uasghrádú suntasach ar Leabharlann Ghráinseach an Déin san áireamh leis an gclár seo. Críochnaíodh na hoibreacha ar áis sláintíochta inrochtana i Leabharlann Dhún Droma agus suiteáladh meaisíní féinseirbhíse chomh maith. Críochnaíodh an obair athchóirithe ar Leabharlann Stigh Lorgan lenar áiríodh áiteanna nua sláintíochta ina bhfuil bealach rochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus rinneadh uasghrádú ar an gcóras fuinnimh. Rinneadh athchóiriú ar Leabharlann Sheanchille freisin agus suiteáladh meaisín féinseirbhíse.

Críochnaíodh na hoibreacha freisin ar an Túr Martello i Rinn na Mara agus ina theannta sin críochnaíodh an obair athchóirithe ar chreatlach na mballaí agus an tséipéil i gCaisleán Dheilginse. Chuathas i mbun líon áirithe tionscadal níos lú i gcomhar le Grúpa na bhFoirgneamh Oidhreachta.

## Caomhnú na hOidhreachta Tógtha

Forfheidhmíonn an Rannán Caomhantais Cuid IV (Oidhreacht Ailtireachta) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 agus bíonn comhairle ar fáil uaidh ag daoine den phobal agus ag a ngníomhairí ar ghnéithe uile na hOidhreachta Tógtha.

Tá measúnú ar na Limistéir Chaomhantais Ailtireachta is Iarrthóirí mar chúram ar an Rannán Caomhantais, mar chuid den Phlean Forbartha Contae 2010 - 2016. Glacadh 5 cinn eile de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (Cill Iníon Léinín, Iostáin an Chaisleáin, Iostáin Moss, Ardán Bhaile Amhlaoibh agus Bóthar Silchester) mar Athruithe ar an bPlean Forbartha Contae i gcaitheamh 2011.

## Scéimeanna Deontais

Chuir Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2 iarratas isteach chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta faoi Chiste na nDéanmhas i mBaol. Ba í breith na Roinne nár éirigh ach le ceann amháin de na hiarratais. Fuarthas €10,000 d'Íocaíocht Deontais ón Roinn faoin Scéim seo.

## Déanmhais agus Áiteanna Contúirteacha

Forfheidhmíonn an Rannóg an tAcht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta) i ndáil le Déanmhais agus Áiteanna Contúirteacha. Ba 73 iomlán na gcásanna a bhain le Foirgnimh Chontúirteacha sa bhliain 2011.

## Bainistíocht Fuinnimh

Is é an tAiltire Contae atá i gceannas ar Fhoireann Bainistíochta Fuinnimh na Comhairle agus tá tuarascáil ag gabháil leis na hAguisíní ina dtugtar breac-chuntas ar na gníomhartha a rinneadh an bhliain seo caite chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú sna réimsí as a bhfuil an Chomhairle freagrach.

Déantar ionadaíocht freisin ar an Rannóg Ailtirí ar an nGrúpa Comhairleach Náisiúnta maidir le Clár an AE um Iniúchóireacht Fuinnimh - TABULA.

## Ilghnéitheach

Lean an Rannóg Ailtirí uirthi sa bhliain 2011 ag soláthar seirbhíse comhairlí maidir le raon leathan gníomhaíochtaí amhail suirbhéireacht chainníochta, soláthar, comhairle theicniúil, tuarascálacha ar bhainistiú foirgneamh agus ar bhail foirgneamh, mar aon le comhairle a thabhairt i ndáil le gníomhaíochtaí bainteach leis na hEalaíona. Ghlac an Rannóg páirt freisin i dtionscnaimh thras-rannacha m.sh Cuimsiú Sóisialta.

Ba í an Rannóg a chistigh an Teach Oscailte agus a ghníomhaigh mar chomhordaitheoir air do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin ar dheireadh seachtaine an Tí Oscailte i nDeireadh Fómhair 2011 mar a raibh deis ag an bpobal cuairt a thabhairt ar thithe príobháideacha a bhí deartha ag ailtirí, ar fhoirgnimh stairiúla agus ar fhoirgnimh nua ar díol suntais iad.

Na Seomraí Tae, Páirc Chábán tSíle



# An Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus TF.

Tá an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha agus TF freagrach as raon an-leathan de sheirbhísí, idir sheirbhísí inmheánacha agus seachtracha a bhaineann leis an eagraíocht, a sholáthar agus a bhainistiú.

### Áirítear iad seo a leanas ar na seirbhísí seo:

- Cruinnithe Comhairle
- Bainistíocht Saoráidí
- Deontais Ardoideachais
- Clár na dToghthóirí
- Bainistíocht Maoine
- Oifig Dhún Droma
- An Oifig Cumarsáide
- Teicneolaíocht na Faisnéise

### An Chomhairle Contae

28 Comhairleoir Contae as na Toghcheantair seo a leanas atá ar an gComhairle féin: Dún Droma, Gleann Cuilinn/Áth an Ghainimh, Stigh Lorgan, An Charraig Dhubh, Dún Laoghaire agus An Baile Breac.

Tionóladh na cruinnithe Comhairle Contae seo a leanas sa bhliain 2011:

- 15 cruinniú de chuid na Comhairle Contae, lena n-áirítear an Cruinniú Bliantúil, an Cruinniú Buiséid agus 2 Chruinniú Speisialta. Tionóladh cruinniú speisialta amháin chun go labhródh Iarrthóirí na hUachtaránachta leis an gComhairle agus tionóladh an dara ceann chun an chéad Ghradam Cathrach sa Chontae a bhronnadh ar an Uas. Brian O'Driscoll.
- 18 cruinniú de Choiste Limistéir Dhún Droma
- 18 cruinniú de Choiste Limistéir Dhún Laoghaire
- 21 cruinniú de na Coistí ar Bheartas Straitéiseach
- 3 chruinniú den Chomhchoiste Póilíneachta
- 5 chruinniú den Choiste Eagrúcháin, Nósanna Imeachta agus Prótacail

### Toscaireachtaí

Tionóladh 11 gcruinniú toscaireachta san iomlán i gcaitheamh na bliana, cruinnithe a bhí curtha ar bhonn foirmiúil.

Márta 2011 - Gradam Cathrach á bhronnadh ar an Uasal Brian O'Driscoll ag Cathaoirleach an ama, An Comh. Lettie McCarthy



## Bainistíocht Saoráidí

Tá an Rannán Bainistíochta Saoráidí freagrach as na Foirgnimh Chorparáideacha a bhainistiú (Halla an Chontae, Seanhalla an Bhaile, Cearnóg an Chuain, Fo-Oifig Dhún Droma, Plás Sheoirse agus Bóthar na Leabharlainne). Luach a fháil ar Airgead an tosaíocht atá ann agus táthar tar éis spáráil a dhéanamh i dtéarmaí an ídithe fuinnimh.

Áirítear na Seirbhísí Riaracháin agus Cothabhála seo a leanas leis an obair a dhéanann an Rannán Bainistíochta Saoráidí:

- An Próiseas Ceannaigh / Soláthair / Tairisceana – Spáráladh go leor airgid mar gur úsáideadh conarthaí na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair i dtaca le Slándáil, Fógraíocht, Páipéarachas agus Leictreachas agus mar gur tugadh isteach na Cártaí Ceannaigh Miondíola.
- Tá comhdheiseanna tairisceana i Réigiún Bhaile Átha Cliath á n-aimsiú faoi láthair ag an nGrúpa Réigiúnach Soláthair (ar cuid de an Chomhairle seo).
- Cothabháil na nOifigí Corparáideacha
- Feabhsaíodh bainistíocht chonarthaí nuair a cuireadh tús le Bainistiú an Chaidrimh leis an gCustaiméir
- An Bhialann / Fáilteachas
- Hallaí/Spás Taispeántais ar Cíos
- Searmanais Póstaí Sibhialta
- Bainistiú an Chórais Teileafóin / Fón Póca Corparáideach – spáráladh airgead de bharr na hiniúchóireachta a rinneadh ar línte teileafóin ar mhaithe le costas a ísliú agus spáráil a dhéanamh.
- Deasc Eolais / Deasc an Phóirtéara
- Seirbhísí Malartáin – Tugadh isteach córas uathoibrithe a dhéanann freastal níos sciobtha ar an gcustaiméir mar go gcuirtear a nglaonna ar aghaidh chuig na príomhranna seirbhíse.

## An Oifig Cumarsáide

Is í an Oifig Cumarsáide atá freagrach as an gcumarsáid chorparáideach agus as an eolas corparáideach go léir a bhainistiú. Feidhmíonn an oifig mar lárphointe teagmhála don chaidreamh go léir leis na meáin agus tá ról leanúnach aici ó thaobh clú na Comhairle a bhainistiú trí phleanáil straitéiseach na cumarsáide. Áirítear ar cheann de phríomhchuspóirí na foirne a chinntiú gur trí phróiseas soiléir a dhéantar an chumarsáid ar an dá bhealach san eagraíocht le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon.

Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin



### Áirítear iad seo a leanas leis na príomhsheirbhísí a soláthraíodh in 2011:

- Caidreamh réamhghníomhach leis na meáin, lena n-áirítear seirbhísí, cláir agus tionscnaimh na Comhairle a chur chun cinn agus a mhíniú
- Bainistiú Saincheisteanna/Cumarsáide Éigeandála
- Bainistiú na gceisteanna ó na meáin (397 sa bhliain 2011)
- Bainistiú Oifig an Chathaoirligh
- Bainistiú Imeachtaí Corparáideacha
- Forbairt Idirlín & Inlín
- Príomhfhoilseacháin na Comhairle a fhoilsiú lena n-áirítear an *dlr times* a fhoilsiú go ráithiúil, agus an Tuarascáil Bhliantúil.
- Iarrataí faoi Shaoráil Faisnéise (déileáladh le 48 cás in 2011) a chomhordú
- Iarrataí faoi Chosaint Sonraí (déileáladh le 5 chás in 2011) a chomhordú
- Iarrataí ón Ombudsman (déileáladh le 9 gcás in 2011) a chomhordú
- Iarrataí faoi Rochtain ar Fhaisnéis ar na Rialacháin Chomhshaoil (déileáladh le 8 gcás in 2011) a chomhordú

Áirítear forfheidhmiú Scéim Teanga na Comhairle faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 le freagrachtaí breise na hOifige.

### Deontais Ardoideachais

D'fhaomh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an Scéim Deontas Ardoideachais 2010/2011 ag a cruinniú i Meitheamh 2010.

| | |
|---|---|
| Líon na nIarratas Nua | 843 |
| Líon na nDeontas Nua a bronnadh | 439 |
| Líon na nDeontas Athnuachana a bronnadh | 603 |

Bronnadh deontais ar 1042 mac léinn faoin Scéim Deontas Ardoideachais 2010/2011 agus ba €4.2 milliún an caiteachas iomlán.

Ba í Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an chéad Údarás Áitiúil agus an t-aon Údarás Áitiúil a thóg iarratais ar líne don bhliain acadúil 2010/2011.

### Clár na dToghthóirí

Foilsíodh an Clár deiridh do Chlár na dToghthóirí 2011/2012 ar an 1ú Feabhra 2011 agus cuireadh i bhfeidhm é ar an 15ú Feabhra 2011.

Ba 151,882 líon iomlán na dtoghthóirí ar an gClár deiridh agus is é seo a leanas an briseadh síos a dhéantar ar na Toghcheantair:

| Toghcheantar | Líon na dToghthóirí | Toghcheantar | Líon na dToghthóirí |
|---|---|---|---|
| An Baile Breac | 26,135 | Dún Droma | 29,404 |
| An Charraig Dhubh | 22,406 | Gleann Cuilinn | 21,268 |
| Dún Laoghaire | 32,718 | Stigh Lorgan | 19,951 |

Foilsíodh Dréachtchlár na dToghthóirí do 2012/2013 ar an 1ú Samhain 2011. Bhí ardú go 154,052 duine ar líon iomlán na ndaoine a cláraíodh ar an Dréachtchlár.

### Oifig Dhún Droma

Tionóladh na cruinnithe seo a leanas san Oifig sa bhliain 2011:

| | |
|---|---|
| Cruinnithe Coiste Limistéir Dhún Droma | 15 |
| Cruinniú CBS | 3 |
| Toscaireachtaí | 5 |
| Cruinnithe eile Rannóg | 76 |
| Cruinnithe Tithíochta/Síniú/Agallaimh/An Scéim Cóiríochta ar Cíos | 15 |
| Taispeántais/Taispeántais Phoiblí | 20 |
| Cruinnithe Eolais don Phobal | 8 |
| Oiliúint | 1 |

### Scéimeanna na mBéilí Scoile

Baineann 10 mBunscoil i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin leas as an scéim.

### Cúirt an Chróinéara

Sa tréimhse go dtí an 7ú Meán Fómhair 2011 tuairiscíodh 690 bás agus rinne an Cróinéir 486 scrúdú iarbháis agus 217 ionchoisne. Tá seirbhís Chróinéir Chontae Bhaile Átha Cliath cumasctha le seirbhís Chróinéir Chathair Bhaile Átha Cliath ón 8ú Meán Fómhair 2011. Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath atá ag riar seirbhís chónasctha Chróinéir Chathair & Chontae Bhaile Átha Cliath.

## Bainistíocht Maoine

Déanann an rannán seo punann maoine na Comhairle agus Eastát Tionscail Áth an Ghainimh a bhainistiú. Is tríd an rannán seo a dhéantar gach gnóthú d'Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh. Tá 45 Ligean Sealadach/Léasanna Tráchtála i bhfeidhm ag an gComhairle ar a maoine agus tá 2 shiopa ligthe aici freisin. Tá an talamh seo cláraithe ar Chlár Leasa Maoine na Comhairle.

Bítear i mbun cigireachtaí agus forfheidhmithe faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 de réir mar is cuí. Cláraíodh 13 maoin ar Chlár na Láithreán Tréigthe sa bhliain 2011 – ba mhaoine tís 11 díobh agus ba mhaoine tráchtála an 2 cheann eile.

Tá Seirbhís Thagartha ag an rannán agus ina teannta sin ullmhaíonn sé na Leabhair Thagartha d'Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh.

## Teicneolaíocht na Faisnéise

Freastalaíonn rannán TF ar an réimse leathan méadaitheach de riachtanais theicneolaíocht na faisnéise atá ag an eagraíocht. Cuirtear seo i gcrích ar mhodh beartaithe agus i dtimpeallacht bhainistithe de réir na n-éileamh atá i bPlean Gnó na Rannóige agus sa Phlean Corparáideach agus de réir éileamh ad hoc ón taobh istigh agus go minic anois ó fhoinsí ón taobh amuigh.

### Roinnt de Bhuaicphointí na Bliana 2011:

Críochnú agus tástáil an Phlean chun córas TF a athshlánú ó thubaiste

Tús curtha le Cruinnithe Comhairle gan páipéar a bheith in úsáid

Athrú déanta go Windows 2008 agus Freastalaithe Fíorúla

Úsáideadh GIS (Córais Faisnéise Geografaí) chun an Plean Forbartha a chur ar fáil agus chun an deis a bheith ann aighneachtaí a chur isteach ar líne

D'éirigh le seoladh Thionscadal na Tithíochta Comhtháite

Uasghrádú déanta ar na córais airgeadais

Leabharlanna - seirbhísí nua leictreonacha (ríomhleabhair, podchraoltaí, blaganna) agus uasghrádú ar an gCóras

Cineálacha éagsúla d'uasghrádú ar Chórais TF (Clár na dToghthóirí, An Scéim Cóiríochta ar Cíos, an Córas Pleanála, etc.) chun éifeachtúlacht a fheabhsú

Uasghrádú ar an mbonneagar líonra

Tosaíodh ar Bhonneagar an Leathanbhanda sa Chontae agus leathnófar é sna blianta seo chugainn

Córas nua chun truailliú ó thorann a laghdú

Tús curtha le tionscadal MapRoad chun na sonraí go léir a bhaineann leis an líonra bóithre a fháil go digiteach

Feabhsúcháin ar ár gcórais ar líne

Tús curtha le Bainistiú an Chaidrimh leis an gCustaiméir sa rannán Bainistíochta Bruscair.



# An Rannóg Comhshaoil, Cultúir & Pobail

Tagann raon leathan seirbhísí do shaoránaigh agus do chuairteoirí faoin stiúrthóireacht Chomhshaoil, Chultúir & Phobail agus ceapadh na seirbhísí sin chun conláistí d'ardchaighdeán a sholáthar agus a chothabháil; tacú le forbairt chomhtháite agus inbhuanaitheacht na bpobal áitiúil; caighdeán maith d'fhearann poiblí a bheith ann agus cineálacha éagsúla de ghníomhaíochtaí cultúrtha a éascú.

## Is iad seo a leanas na bunseirbhísí:

### Seirbhísí Comhshaoil

Tosaíodh ar an athbhreithniú ar an bPlean Bainistíochta Bruscair 2009 - 2011 sa bhliain 2011 ag féachaint le plean nua a chur i dtoll a chéile do 2012-2014. Lean na Maoir Bhruscair orthu ag cur na reachtaíochta ábhartha i bhfeidhm lena n-áirítear na Fodhlíthe Bruscair nua. Eisíodh 1,026 fíneáil bhruscair sa bhliain 2011.

Ghlac 43 Grúpa Cónaitheoirí, Coistí na mBailte Slachtmhara agus Grúpaí Bainistíochta Eastát páirt i gComórtas Bliantúil na gCeantar Slachtmhar sa bhliain 2011. Sruthán na Cluana a thug leo an phríomhdhuais.

Chuir 31 scoil isteach ar Chomórtas na Scoileanna Slachtmhara. Bhí Clár na Scoileanna Glasa á bhainistiú freisin ag an Oifigeach Feasachta Comhshaoil, clár lena bhfuil 105 scoil cláraithe.

### Seirbhísí Glantacháin

Fostaíonn Rannán Glantacháin Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin thart ar 60 ball foirne agus comhraítear innill ghlanta bóthair, mion-innill ghlanta bóthair, taobhlódairí, truiclíní agus inneall glas mar chuid d'innill an fhlít.

Athbhreithnítear sceideal glanta na mbóithre go leanúnach, mar chuid den ghnáth-athbhreithniú a dhéantar ar na hoibríochtaí reatha, ar mhaithe le seirbhís mhíosúil a sholáthar d'fhormhór na limistéar cónaithe sa chontae. Chuir an Chomhairle tús le huainchlár nua oibre don ghlanadh sráideanna agus d'fholmhú na mboscaí bruscair sna mórlimistéir bhaile sa bhliain 2011

Ionad Pobail Bhaile an Chnoic



agus bíonn an tseirbhís á soláthar ar bhonn 7 lá na seachtaine ón 7.00 am go 6.30 pm gach lá. De réir an sceidil nua seo is féidir láir na mbailte a ghlanadh go laethúil agus na príomhbhóithre a ghlanadh sa choicís.

Timpeall is 500 bosca bruscair atá sa chontae faoi láthair agus folmhaítear iad go laethúil nó trí huaire sa tseachtain.

3 cinn de thrucail folmhaithe silteán atá ag an Rannán Glantacháin agus úsáidtear iad sin go leanúnach chun an 22,000 silteán nó mar sin atá sa chontae a ghlanadh.

## Forbairt Pobail

Osclaíodh Saoráid Phobail Bhaile an Chnoic go hoifigiúil sa bhliain 2011 agus cuirtear raon seirbhísí éagsúla ar bun san ionad do mhuintir na háite. Roinneadh amach €110,903 i nDeontais Phobail chun cuidiú le grúpaí áitiúla trí scéim Deontas Pobail na Comhairle agus caitheadh €26,700 eile ar Thionscadail Samhraidh agus caitheadh €32,000 de Dheontais Phobail ar Rochtain ar na hEalaíona ar fud an chontae. Ba sa bhliain 2011 a chonacthas an líon ab airde d'iarratais ar an nGradam Pobail, comórtas ina raibh 80 grúpa páirteach.

Lean an Chomhairle uirthi lena cuid oibre le 12 fóram bainistíochta eastát agus le hacmhainn a fhorbairt go háitiúil trí oiliúint, tacaíocht agus cistiú agus rinne sí amhlaidh trí bhíthin comhpháirtíochta leis na Grúpaí Bainistíochta Eastát.

D'fhreastail os cionn 75 duine óg ar CCB 2011 agus seoladh dlúthdhiosca agus rinneadh clár raidió bunaithe ar na saincheisteanna a pléadh arbh iad Ólachán faoi Aois agus Áiseanna do Dhaoine Óga a bheith sa Chontae a dtéamaí. D'fhreastail naonúr toscaire ar Dháil na nÓg 2011.

## Imeachtaí Dlrd

Lean Imeachtaí Dlrd dá chlár Imeachtaí Saor in Aisce in 2011 agus bhí imeachtaí amhail Picnic na mBéiríní, Taechóisir na nDreoilíní agus Scannáin sa Pháirc eagraithe acu.

Bhí an líon ab airde fós de Cheolchoirmeacha ar siúl i bPáirc Mharlaí i mbliana; bhí 7 gceolchoirm ann i mí Iúil agus Lúnasa agus bhí bannaí mór le rá leithéidí The Coronas agus BellX1 ag seinm. Áiríodh an fhéile, Dublin Bay Taste & Music Fest, agus an Ukulele Hooley le himeachtaí eile ceoil a bhí ar siúl.

Áiríodh Taispeántas na dTraenacha agus Féile na Cailce mar aon le seoladh Fhéile Nollag Dhún Laoghaire leis na himeachtaí nua a bunaíodh.

Tháinig tuilleadh borrtha fós faoi Mhargaí CoCo in 2011 agus bhí os cionn 100 stalla oscailte idir na 3 mhargadh atá againn.

Áiríodh iad seo a leanas leis na himeachtaí Forbartha Pobail a bhí ar siúl i gcaitheamh na bliana: Bealtaine, Laethanta Spraoi do Theaghlaigh, Tionscadail Samhraidh agus comórtas na nGradam Pobail – as ar ardaigh Club Leon Dhún Laoghaire leo an phríomhdhuais in 2011.

Áiríodh Trí-atlan Focus Ireland agus an Rás Bóthair 10k na Bá leis na hImeachtaí Spóirt a bhí ar bun in 2011.

## Forbairt Spóirt

Lean an Oifig Forbartha Spóirt dá clár spóirt don chontae sa bhliain 2011.

D'eagraigh an Oifig Forbartha Spóirt os cionn 130 clár i gcomhpháirtíocht le Cumann Peile na hÉireann, Rugbaí Laighean, Cumann Lúthchleas an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Seirbhísí Fóillíochta dlrd. Ghlac os cionn 20,000 duine páirt sna cláir lena n-áirítear campaí spóirt le linn na saoire, traenáil spóirt sa samhradh, cláir thraenála iarscoile agus clubanna spóirt tráthnóna/deireadh seachtaine don phobal.

Lucht na Hataí Galánta



## Na hEalaíona

Sa bhliain 2011 thosaigh Oifig Ealaíon dlrd ag forfheidhmiú Á Phlé go Fóill, Beartas Forbartha Ealaíon Chomhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin 2011-14.

Áiríodh an Fhéile Poetry Now ar éirigh go seoigh léi agus dhá Thaispeántas Amharcealaíne chomhaimseartha le buaicphointí na bliana. Sa Chontae leanadh den Chlár Ealaíon agus Sláinte trína rabhthas i dteagmháil le hionaid chónaithe áitiúla agus le hionaid chúraim lae do dhaoine scothaosta agus bhí os cionn 200 dalta scoile rannpháirteach i gcónaitheacht fhadtéarmach ar scoil. Fáiltíodh roimh bhreis is 22,500 duine óg in aois 2-25 in The Grainstore, an tsaoráid atá ag Ealaíona don Óige dlrd agus bhí deis acu bheith rannpháirteach i gcláir a bhí eagraithe ag daoine óga de bhunadh na háite agus ag cleachtóirí gairmiúla na n-ealaíon.

Thacaigh Oifig Ealaíon dlrd freisin le healaíontóirí as na disciplíní go léir trína Scéim Deontas do na hEalaíona agus trí dhá chónaitheacht, ceann le Cumann Cóiriúil Dhún Laoghaire agus an ceann eile le Conall Morrison, an tEalaíontóir Amharclainne Cónaithe a bhí in Amharclann an Pavilion. Leanadh ar aghaidh ag forbairt Líonra Ealaíontóirí dlrd trínar

cuireadh ar chumas ealaíontóirí as an gcontae deiseanna san fhorbairt ghairmiúil a thapú.

## Leabharlanna

Rinneadh athchóiriú mór i Leabharlanna Stigh Lorgan agus Dhún Droma. Áiríodh deasca nua eolais atá inrochtana, leithris inrochtana, agus meaisíní féinseirbhíse leis na feabhsúcháin a rinneadh sa dá leabharlann. Cuireadh isteach rampa agus bealach isteach nua i Leabharlann Stigh Lorgan chomh maith le hurlár nua agus athfhuinneoga, agus rinneadh obair thírdhreachta ag an mbealach isteach agus ar shráid Leabharlann Dhún Droma.

Osclaíodh dhá leabharlann nua phobail go hoifigiúil san Aibreán, Leabharlann Phobail Bhaile Uí Lachnáin agus Leabharlann Phobail an Linbh Íosa sa Naigín.

Áiríodh an comórtas Bí ag Aithris Anois, an Fhéile Ó Bheanna go Muir, agus an tSraith bhliantúil Glórtha Leabharlainne leis na himeachtaí a bhain le féilire Cultúir na Leabharlann. Ceapadh Chris Binchy ina Scríbhneoir Cónaithe do dlrd don tréimhse 2011-2013 i gcomhthionscnamh idir Leabharlanna agus an Oifig Ealaíon. Áiríodh foghlaim teangacha, faisnéis faoi bheathaisnéisí Éireannacha agus seirbhís chlosleabhar leis na seirbhísí nua a cuireadh lenár leabharlann fhíorúil sa bhliain 2011. Tá an-tóir i gcónaí ar ár seirbhísí fíorúla agus tháinig ardú 70% ar líon na ríomhleabhar a íoslódáladh anuraidh.

Cuireadh Seirbhís Leabharlainne Dlrd ar an ngearrliosta do Ghradaim Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann as Barr Feabhais sa Rialtas Áitiúil don tionscadal "Leabharlanna dlrd, Leabharlanna Gan Teorainn". Ba é a bhí d'aidhm leis an tionscadal Leabharlanna dlrd a chur chun cinn i limistéir gur beag úsáid a bhaintear as an leabharlann agus gur beag eolas fúthu atá iontu agus chun an raon seirbhísí a bhíonn ar fáil 24/7 óna dtithe agus óna n-oifigí féin a chur ar a súile don phobal.

An Túr Martello, Rinn na Mara



## An tSeirbhís Páirceanna

Áiríodh iad seo a leanas leis na forbairtí nua a chuir an tSeirbhís Páirceanna i gcrích i mbliana:

- Seomraí tae agus Gairdín Seapánach oscailte i bPáirc Chábán tSíle
- Saothar ealaíne talúnta ar a dtugtar "Dreaming of the Celestial Mountain" leis an dealbhóir Agnes Conway, suiteáilte i nDiméin Mharlaí
- Líomatáiste inar féidir madraí a scaoileadh gan choniall oscailte i bPáirc na bhFianna
- Líomatáiste cluichí agus ilúsáide agus clós súgartha nua réitithe ar Bhóthar an Hídigh
- Clós súgartha Bheallairmín tógtha faoi chúram
- An clós súgartha nua sna Ráillí (a bhí forbartha ag an Rannóg Ailtirí) curtha lenár gconláistí súgartha

Cuireann raon leathan d'fhóntais nua spóirt leis na conláistí áineasa atá sa chontae:

- An pháirc imeartha uile-aimsire i gCúil Aoibhinn
- Líomatáistí cluichí agus ilúsáide uile-aimsire don phobal i Moreen agus i gCill Bheagóige
- Rian Aclaíochta agus leathlíomatáiste cluichí agus ilúsáide i bPáirc Bhaile Amhlaoibh
- Giomnáisiamaí faoin aer i bPáirc na Carraige Duibhe agus i mBaile Nua Mhic Ghabhann
- Tuilsoilsiú curtha isteach sa líomatáiste cluichí agus ilúsáide atá i gCúil Aoibhinn
- Líomatáiste cluichí agus ilúsáide oscailte ar an Eachrais
- Trí pháirc imeartha nua faoi fhéar do na sóisir i gCábán tSíle

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar líon áirithe d'fhóntais eile spóirt lena n-áirítear páirc imeartha uile-aimsire na Céime, atá le hoscailt san earrach 2012.

Rinneadh oibreacha méadaithe agus athnuachana ar na seomraí feistis ar an bpáirc peile agus ar an gclub leadóige i nGleann na Cluana. Rinneadh oibreacha feabhsúcháin ar dhá chúirt leadóige ar Pháirc na Feá (Gráinseach an Déin), Na Mailpeanna (Cluain Sceach), Faiche Orpen (Stigh Lorgan), Páirc Cluny (Cill Iníon Léinín), An Eachrais (Baile Uí Ógáin) agus Marlaí.

Ba í Diméin Mharlaí (Carrchlós Bhóthar an Choláiste) an bhunáit do « Walk the Line » turas dúshláin Ghrianstad an tSamhraidh ar éirigh go han-mhaith leis agus a rinneadh trasna na sléibhte feadh theorainn Bhaile Átha Cliath/Chill Mhantáin ar an 25ú Meitheamh ar son Fhoireann Tarrthála Sléibhe Bhaile Átha Cliath agus Chill Mhantáin.

Ghlac an Chomhairle an Straitéis Crann do Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin – "CRAINN dlrd" in Eanáir 2011.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar an Straitéis Spáis Oscailte trí phróiseas comhairliúcháin phoiblí agus beidh sí le glacadh in 2012.

Bunaíodh Tionscadal dlrd chun an tIora Rua a Chaomhnú i gcomhar le Coillte, Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath agus le húinéirí talún poiblí agus príobháideacha.

## Bithéagsúlacht

Cuireadh clár bliantúil de chainteanna agus de shiúlóidí bithéagsúlachta don phobal i gcrích. Bhí 39 imeacht ar siúl in 2011.

Rinneadh measúnú ar luach éiceolaíoch 10 gcinn de láithreáin tailte arda i Sléibhte Bhaile Átha Cliath mar a bhfuil líon áirithe gnáthóg atá cosanta faoin Treoir ón AE maidir le Gnáthóga 1992 agus gnáthóga agus speicis thábhachtacha eile atá san áit. Tugtar comhairle sa tuarascáil i dtaobh bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann dóibh agus i dtaobh saincheisteanna bainistíochta. Roinneadh an t-eolas seo le Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath, leis an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra, leis an rannóg pleanála agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile lena bhreithniú i bpleananna agus i straitéisí chun caomhnú fadtéarmach na láithreán seo agus na ngnéithe díol suntais a ghabhann leo a chinntiú.

Mapáladh an láthair ar a bhfuil an speiceas ionrach, an ghlúineach bhiorach, feadh na Dothra agus a bhfuil de ann. Déanfar staidéar ar dheiseanna comhoibrithe rialála idir Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas in 2012.

Bhí an raon tionscadal a ndeachthas ina mbun scaipthe ar fud an chontae agus díríodh ar limistéir a bhí i gcall áirithe ó thaobh áiseanna reatha de (ar theastaigh iad a fheabhsú) agus le háiseanna nua mar a raibh éileamh ar fhóntas. Chinntigh na próisis chomhairliúcháin phoiblí go háirithe i ndáil leis an Straitéis Spáis Oscailte agus le Tionscadal Caomhnaithe an Iora Rua go bhfuil deis ag saoránaigh an chontae a gcion a dhéanamh chun an dá thionscadal straitéiseacha a fhorbairt.

## An tSeirbhís Reiligí

Bhí 603 adhlacadh i Reilig Ghráinseach an Déin agus 513 i Reilig Sheangánaí. Díoladh 32 uaigh i Reilig Ghráinseach an Déin agus 332 i Reilig Sheangánaí in 2011.

Leagadh cosáin nua i Reilig Sheangánaí agus cuireadh athdhromchla ar chuid den chabhsa sochraide i Reilig Ghráinseach an Déin.

Críochnaíodh an t-athchóiriú ar an Teach Geata i Reilig Ghráinseach an Déin agus is cóiríocht í anois d'fhoireann na reilige.

Cuireadh tús le hathchóiriú na n-oifigí a bhíodh i nGráinseach an Déin agus beidh siad in úsáid mar sheomraí tae in 2012.

Cuireadh tús le plean bainistíochta reiligí atá dúnta.

An Lóiste, Reilig Ghráinseach an Déin



# An Rannóg Airgeadais

## Is í an Rannóg Airgeadais atá freagrach as oibríochtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha na Comhairle, idir Ioncam agus Chaipiteal, a mhaoiniú.

Áirítear iad seo a leanas leis an raon leathan seirbhísí a sholáthraíonn an Rannóg:

- Rialú Airgeadais, Sreabhadh Airgid & Bainistíocht Cisteáin
- An Buiséad Bliantúil a ullmhú
- An Ráiteas Airgeadais Bliantúil a ullmhú
- Riarachán an Mhórleabhair Ghinearálta & na bPríomhchóras Airgeadais
- Riarachán Párolla
- Billeáil & Bailiú Rátaí Tráchtála
- Bailiú Muirir Dhramhaíl Chomhshaoil
- Billeáil & Bailiú Muirir Uisce Tráchtála
- Cuntais a Íoc
- Riarachán Árachais agus Éileamh
- Oifig Fáltais / Íocaíochtaí
- Riarachán an Mhuirir ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha

Cinntíonn an Rannóg Airgeadais freisin go gcloítear le prionsabail reachtúla agus chuntasaíochta airgeadais, a bhfuil feidhm acu maidir leis an airgead go léir, a íocann an Chomhairle nó a íoctar leis an gComhairle.

### Buiséad na Comhairle

Ullmhaíonn an Rannóg Airgeadais an Buiséad iomlán i gcomhairle le gach rannóg sa Chomhairle. Ba €194,970,300 an Buiséad Ioncaim don bhliain airgeadais dar críoch 31ú Nollaig 2011, lenar ghlac an Chomhairle.

### Rátaí

Bíonn rátaí iníoctha ar mhaoine tráchtála agus tionsclaíocha. Cinneann na Comhaltaí tofa, tar éis don Bhuiséad a bheith measta gach bliain, an Ráta Bliantúil Luachála (RBL) a thoibheofar an bhliain dár gcionn. Ba €0.17 an RBL don bhliain 2011.



| COMHTHIOMSÚ STAITISTICÍ | | | |
|---|---|---|---|
| Bliain | Iomlán na Rátaí a Éilíodh | Iomlán na Rátaí a Bailíodh | % a Bailíodh |
| 2011 | 101,326,260 | 77,289,648 | 76.28% |
| 2010 | €100,779,345 | €81,537,284 | 80.91% |
| 2009 | €94,547,404 | €79,934,676 | 84.52% |

## An tAcht Luachála 2001

Leasaítear san Acht Luachála 2001 an dlí a bhaineann le luacháil inrátaithe maoine agus éascaíonn sé luacháil náisiúnta ar na luachálacha inrátaithe go léir.

## Athluacháil

Tá an athluacháil críochnaithe anois i gContae Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin agus tháinig an liosta nua luachála in éifeacht chun críocha rátála ar an 1/1/2011.

## Tobhach na Chéad Bhliana

Tugadh an tobhach isteach faoin Acht Rialtais Áitiúil (Ceantair Feabhsúcháin Gnó) 2006 a achtaíodh ar an 24ú Nollaig 2006.

Bíonn feidhm ag an tobhach maidir leis na maoine nuathógtha go léir ón dáta a ndéantar na maoine a luacháil chun críocha luachála, ag feitheamh rátaí tráchtála a thobhach.

## Muirir Dhramhaíl Chomhshaoil

D'éirigh an Chomhairle as seirbhís dhíreach bhailithe dramhaíola a sholáthar ó thús Lúnasa 2010 d'fhormhór a custaiméirí agus ní chuireann sí seirbhís dhíreach ar fáil ach do líon beag teaghlach a mbíodh an dramhaíl á bailiú uathu i málaí agus do chónaitheoirí in ollionaid árasán de chuid na Comhairle. Tá an Chomhairle fós ag leanúint ar aghaidh ag bailiú riaráistí atá gan íoc agus bailíodh €1.7 milliún sa bhliain 2011. Ina theannta sin tá an Chomhairle fós ag glacadh agus ag próiseáil na n-iarratas ar tharscaoileadh maidir leis an muirear; próiseáladh 2,068 iarratas sa bhliain 2011, deonaíodh 1,703 díobh agus diúltaíodh 365.

## Bailiú Muirir Uisce Tráchtála

Cinntear na muirir don soláthar uisce tráchtála de réir úsáid méadraithe.

| BLIAIN | IOMLÁN NA MUIREAR UISCE A ÉILÍODH | IOMLÁN NA MUIREAR UISCE A BAILÍODH | % A BAILÍODH |
|---|---|---|---|
| **2011** | *€14,544,063 | €6,426,070 | 44.18% |
| **2010** | €14,774,936* | €6,086,457 | 41.19% |
| **2009** | €14,736,941* | €5,717,026 | 38.79% |

*Eisítear billí i riaráiste. Áirítear an bille deiridh don bhliain leis an dochar bliantúil, cé go n-eisítear é ar chustaiméirí i ndiaidh dheireadh na bliana. Tabhair do d'aire freisin go bhfuil na riaráistí atá le teacht isteach ar an 1ú Eanáir san áireamh san iomlán a éilíodh.

Cuireadh deireadh le Muirir Uisce Teaghlaigh ón 1 Eanáir 1997 ar aghaidh.

## Muirear ar Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha (NPPR)

Tugadh isteach muirear €200 ar Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha faoin Acht Rialtais Áitiúil (Muirir) 2009. Tá an muirear €200 iníoctha leis an údarás áitiúil ar ina limistéar atá an Áit Chónaithe Phríobháideach Neamhphríomha suite. Is iad na húinéirí féin a mheasann an muirear agus ní mór dóibh an mhaoin a chlárú agus an muirear a íoc.

Déantar foráil sa reachtaíocht do ghearradh táillí as íoc déanach maidir le híocaíochtaí a íocadh tar éis an dáta dlite agus d'imeachtaí dlí a thionscnamh i gcoinne úinéirí atá faoi dhliteanas an muirear a íoc ach nach gcomhlíonann a ndliteanas.

Bhí an muirear le gearradh ar bhreis is 14,596 maoin sa bhliain 2011 agus ba €3.4 milliún an tsuim a bailíodh, lena n-áirítear táillí as íoc déanach.

## Cuntais a Íoc

Íoctar soláthraithe tar éis dóibh doiciméid bhailí chánach a chur ar fáil. Déantar formhór na n-íocaíochtaí trí Ríomhaistriú Airgid (EFT), trína n-aistrítear íocaíochtaí isteach go díreach i gcuntais bhainc na soláthraithe ach anois is arís íoctar le seic nuair nach mbíonn sé praiticiúil íoc tríd an gcóras EFT. Íoctar an fhoireann agus na Comhairleoirí tríd an gcóras EFT.

Is é seo Cisteoir na Comhairle: Banc na hÉireann, 101 Sráid Sheoirse Uachtarach, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Faoin Acht um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú, & faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002, beidh soláthraithe i dteideal ús a fháil ar íocaíocht dhéanach maidir le híocaíochtaí nach ndéantar taobh istigh den tréimhse fhorordaithe arb ionann sin agus 30 lá i gcás fhormhór na n-íocaíochtaí. Íocadh ús €1.47 ar íocaíocht amháin sa bhliain 2011.

Tá sé d'oibleagáid ar an gComhairle ón 1ú Iúil 2011 soláthraithe a íoc taobh istigh de 15 lá d'fhonn cinneadh Rialtais a rinneadh faoin bPlean um Théarnamh Náisiúnta agus faoi Chlár Tacaíochta an AE/CAI d'Éirinn a chomhlíonadh. D'fhadaigh an cinneadh seo an riail 15 lá maidir le híoc pras cuntas a raibh feidhm aici maidir le Ranna an Rialtais Láir, le Feidhmeannacht

na Seirbhíse Sláinte, na hÚdaráis Áitiúla, Gníomhaireachtaí Stáit agus gach comhlacht eile san earnáil phoiblí.

## CBL

Tháinig raon de sheirbhísí breise na n-údarás áitiúil faoi réir CBL le héifeacht ón 1ú Iúil 2010 de bharr na n-athruithe sa reachtaíocht a bhaineann le CBL do chomhlachtaí poiblí. Rinneadh athbhreithniú iomlán ar Sheirbhísí na Comhairle chun foinsí ioncaim a ndéanfadh na hathruithe CBL difear dóibh a aithint agus cuireadh nósanna imeachta i bhfeidhm chun CBL ar ioncam ábhartha a chur san áireamh agus chun caiteachas a mbíonn CBL air a aithint chun cinntiú go gcuirfear tuairisceáin bheachta isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Forbraíodh réiteach T.F. freisin ar mhaithe le tuairisciú CBL a éascú.

## Iniúchadh Inmheánach

Is é príomhról an Rannáin Iniúchta Inmheánaigh a dheimhniú don Bhainisteoir Contae, don Ard-bhainistíocht, don Chomhairle Thofa agus don Choiste Iniúchta gur aithníodh na rioscaí éagsúla a bhí roimh an gComhairle agus go bhfuil rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú. Déanann an Rannán Iniúchta Inmheánaigh measúnú agus tuairisciú ar chórais rialaithe inmheánacha na Comhairle agus más gá, déanann sé moltaí maidir lena bhfeabhsú. Soláthraíonn an Rannán Iniúchta Inmheánaigh feidhm athbhreithnithe neamhspleách don bhainistíocht chun deimhniú go mbíonn seirbhísí á soláthar ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus eacnamaíoch agus go gcomhlíonann siad na ceanglais dhlíthiúla. Chuir an Rannán Iniúchta Inmheánaigh an méid seo i gcrích sa bhliain 2011:

- D'eisigh sé cúig thuarascáil inar clúdaíodh raon leathan saincheisteanna.
- Chuidigh sé le hullmhú Chlár na Rioscaí Corparáideacha agus Chlár na Rioscaí Rannóg.
- Bhí sé i dteagmháil le hIniúchóir an Rialtais Áitiúil.
- Bhí sé i dteagmháil le Coiste Iniúchta na Comhairle.
- Cheap sé an Plean don Iniúchadh Inmheánach Bliantúil don bhliain 2011/2012 agus ceadaíodh é.

## Árachais

Is iad seo a leanas na príomhréimsí gníomhaíochta: Dliteanas Poiblí, Dliteanas Fostóirí, Árachas Dóiteáin (Stoc Tithíochta), Árachas Dóiteáin (Maoine Ginearálta) agus Árachas Mótair. Soláthraítear cumhdach iomlán.

## An Ráiteas Airgeadais Bliantúil

Ullmhaíodh Ráiteas Airgeadais Bliantúil 2010, a críochnaíodh in 2011, trí chuntasaíocht ar bhonn fabhraithe agus áirítear leis Clár Comhardaithe iomlán a thaispeánann na sócmhainní atá in úinéireacht na Comhairle agus na dliteanais atá dlite ar an gComhairle. Is é nó í an tIniúchóir Rialtais Áitiúil a dhéanann iniúchadh ar na cuntais agus tuairiscíonn sé nó sí don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

# An Rannóg Tithíochta

Déanann an Rannóg Tithíochta timpeall is 4300 maoin atá in úinéireacht na Comhairle a bhainistiú. Áirítear teaghaisí a thógáil, a athchóiriú, a leithdháileadh, a chothabháil agus a dhíol, measúnú agus bailiú cíosa, iasachtaí ceannaigh tí agus deontais áirithe a bhronnadh, oibriú an Phlean don Tithíocht Shóisialta agus cóiríocht a sholáthar do theaghlaigh gan dídean ar a feidhmeanna.

Tá an Rannóg freagrach as caighdeáin a fhorfheidhmiú agus as leabhair chíosa a bhaineann le teaghaisí príobháideacha ar cíos a choinneáil cothrom le dáta agus as an Scéim Cóiríochta ar Cíos a riar. Tá an Rannóg freagrach freisin as maoine a fháil le haghaidh na tithíochta sóisialta trí mhaoine príobháideacha a léasú, as bainistiú agus cothabháil na nGrúpscéimeanna Tithíochta agus na Láithreán Stad agus as Clár Cóiríochta na Comhairle don Lucht Siúil a chur i bhfeidhm.

## An Clár Tógála Tithe 2011

| | |
|---|---|
| Aonaid a críochnaíodh i rith 2011 | 27 aonad - Fearann na Cluana (céim a 3) |
| Aonaid a bhí á dtógáil i rith 2011 | 0 |
| Scartáil | 84 aonad - Cúirt Chnocán na Rós |

## An Scéim Cheannaigh Ag Tionóntaí

Fuair an Chomhairle 124 iarratas ar theaghaisí a cheannach sa bhliain 2011, ceadaíodh 60 iarratas agus díoladh 19 teaghais.

## Tionscnamh Léasaithe na dTithe Sóisialta

Fuarthas líon áirithe fiosrúchán faoin tionscnamh seo agus síníodh 8 léas sa bhliain 2011. Ceadaíodh dhá iarratas faoin scéim, Áis Iasachta ar Chaipiteal a Airleacadh. Leanfar de na scéimeanna seo sa bhliain 2012.

## Athchóiriú

Rinneadh oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh ar 95 teaghais, lenar áiríodh oibreacha a rinneadh ar 5 theaghais a bhí folamh le fada.

Fuarthas 65 iarratas ar thithe a chur in oiriúint do dhaoine faoi mhíchumas.

Eisíodh 94 cead ar luach measta €658,000

## Oiriúnú Tithe

Is iad seo a leanas na scéimeanna le haghaidh deontais i gcabhair i ndáil le tithe atá in úinéireacht phríobháideach: -

- An Scéim 'Deontas D'Oiriúnú Tithe' do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Scéim Deontas Tithíochta i gcomhair Áiseanna mar Chabhair don tSoghluaisteacht
- Cabhair Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

## Maidir le 2011

## An Scéim 'Deontas D'Oiriúnú Tithe' do Dhaoine faoi Mhíchumas

Fuarthas 149 iarratas ar Dheontais Oiriúnaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas (Tithíocht).

Eisíodh 121 Cead Sealadach dar suim €1,086,756.

## Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta (Tithíocht)

Fuarthas 24 iarratas ar Dheontas na nÁiseanna Soghluaisteachta (Tithíocht).

Eisíodh 21 Cead Sealadach dar suim €89,029.

## Cabhair Tithíochta do Dhaoine Scothaosta

Fuarthas 57 iarratas ar Chúnamh do Dhaoine Scothaosta (Tithíocht).

Eisíodh 53 Cead Sealadach dar suim €257,608.

## Easpa Dídine

Lean an Chomhairle dá socruithe le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i ndáil le cóiríocht éigeandála a sholáthar do dhaoine gan dídean. Is é Creatphlean Gníomhaíochta Réigiún Bhaile Átha Cliath do Dhaoine Gan Dídean 2010 go 2013 an plean atá glactha ag na ceithre Chomhairle i mBaile Átha Cliath.

Sa bhliain 2011, chuir an Chomhairle tithíocht shóisialta mar seo a leanas ar fáil do 19 teaghlach a bhí fágtha gan dídean:

| | |
|---|---|
| An Scéim Cóiríochta ar Cíos: | 1 |
| Tithíocht Dheonach: | 9 |
| Cóiríocht Rialtais Áitiúil: | 9 |

Ina theannta sin d'éirigh le 3 cinn eile de theaghlaigh gan dídean dul isteach i gcóiríocht thacaithe fhadtéarmach i gCathair Bhaile Átha Cliath.

Tugadh cúnamh do 40 teaghlach teacht ar chóiríocht in earnáil na cóiríochta príobháidí ar cíos.

Faoin scéim SLI (Tacaíocht chun Maireachtáil go Neamhspleách) tugadh tacaíocht do 68 teaghlach a bhog amach as cóiríocht do dhaoine gan dídean.

Bíonn cruinnithe fós ag an nGrúpa Comhchruinnithe le Comhchruinniú Seirbhísí agus aon saincheisteanna ar údar imní iad a ardaítear a phlé. Tá ionadaithe thar ceann na soláthraithe seirbhíse ar an nGrúpa Comhchruinnithe.

## Iompraíocht Fhrithshóisialta ar Eastáit na Comhairle

Lean an Chomhairle dá beartas dul i ngleic go cuimsitheach le heachtraí iompraíochta frithshóisialta ar a heastáit le linn 2011.

Déileáladh le 136 cás d'iompraíocht fhrithshóisialta san iomlán i gcaitheamh na bliana agus b'ionann sin agus ardú 7% ar chásanna d'iompraíocht fhrithshóisialta i gcomparáid leis an mbliain 2010.

Glacadh Caingean Dlí nuair ba chuí agus seirbheáladh 4 Fhógra Fágála; 0 teaghlach díshealbhaithe; tugadh amach 0 barántas gabhála as seilbh agus fuarthas 0 ordú eisiata ón gCúirt Dúiche.

Tugadh 5 theaghais ar láimh in ionad caingean dlí.

Eisíodh 47 litir rabhaidh agus 36 rabhadh ó bhéal.

Rinneadh 914 measúnú réamhthionóntachta (seiceáil ar chúlra).

Tithíocht Inacmhainne – Levmoss & Miomósa



## Cúrsaí Oiliúna Réamhthionóntachta

Eagraíodh cúrsa amháin ar "Réamheolas faoi Thionóntacht" sa bhliain 2011.

## Liostaí Tithe agus Aistrithe

Ghlac an Chomhairle Scéim na Leithdháiltí ar an 13ú Meitheamh 2011, agus ar an 4ú Iúil 2011 leasaigh an Chomhairle an Scéim chun dhá leasú a chur isteach ann.

An 31ú Nollaig 2011, measadh 4,225 iarratasóir a bheith i gcall tithíochta. Athbhreithníodh Liosta Tithe na Comhairle i Meitheamh 2011 agus athbhreithníodh na Liostaí Aistrithe in Iúil 2011. San iomlán, leithdháileadh teaghaisí ar 207 iarratasóir ar thithe. Áiríodh leo sin 94 teaghais a ndearna an Chomhairle idirbheartaíocht ina dtaobh faoi chomhaontuithe Chuid V. Leithdháileadh aistrithe chuig malairt cóiríochta ar 48 tionónta. Áiríodh leo sin 6 theaghais a ndearna an Chomhairle idirbheartaíocht ina dtaobh faoi chomhaontuithe Chuid V.

## Cíosanna Tithíochta

De ghnáth, faoi Scéimeanna Cíosanna Difreálacha na Comhairle déantar na cíosanna a ríomh bunaithe ar ioncam reatha an teaghlaigh. Ní raibh an líon measúnuithe a rinneadh baileach chomh hard leis an mbliain roimhe sin ach mar sin féin rinne an Rannóg líon mór measúnuithe sa bhliain 2011, cuid díobh sin mar gheall ar athruithe a bheith ag teacht go minic ar an ioncam teaghlaigh. Thit an meánchíos faoi 1.8% freisin mar gheall ar an ísliú san ioncam teaghlaigh, .i.e. ó €59.48 in 2010 go €58.43 in 2011 (agus muirir mhaoine san áireamh nuair ba chuí).

Bhí titim 1.1% freisin ar an mbliain roimhe sin ar an nglanioncam as cíos, €12.35 milliún.

## Cuid V – Straitéis Tithíochta

Faoi Chuid V de na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt 2000 – 2010, soláthraíodh 3 árasán le haghaidh tionóntachta faoin Scéim Cóiríochta ar Cíos; soláthraíodh 2 láthair thadhlacha darb achar .1052 heicteár san iomlán i Bharda an Bhaile Bhric. Ina theannta sin, rinneadh cúig Chomhaontú eile, trína ndearnadh foráil d'íocaíocht Ranníocaíochtaí Airgeadais agus/nó aonaid a sholáthar gan iarmhairtí costais a bheith i gceist.

## Scéim Tithíochta Incheannaithe

Ainneoin gur thit an margadh tithíochta as a chéile rud nár tharla riamh roimhe, díoladh 27 teaghais incheannaithe i rith 2011. Toisc nár léiríodh an oiread sin spéise sa tithíocht incheannaithe cuireadh na haonaid incheannaithe go léir

Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne, Páirc na Meala



ar fáil lena ndíol ar an margadh oscailte ach tugadh tús áite d'iarratasóirí ar thithe incheannaithe agus do dhaoine a bhí ag ceannach tí den chéad uair.

Bhí 2209 iarratasóir san iomlán ar Liosta na dTithe Incheannaithe faoi dheireadh mhí na Nollag 2011.

Tar éis measúnú a bheith déanta ar fheidhmiú na Scéime Tithíochta Incheannaithe agus tar éis scrúdú a bheith déanta ar na deacrachtaí a bhí ag iarratasóirí morgáistí a fháil gan éarlais mhór a bheith acu glacadh cinneadh, tar éis dul i gcomhairle leis an CBS don Tithíocht agus leis an gComhairle, an scéim Tóg ar Cíos é d'fhonn é a Cheannach, a thabhairt isteach. Seoladh an Scéim i mí na Samhna 2011 agus é de chuspóir léi cuidiú le hiarratasóirí a bhí i dteideal tithíochta incheannaithe a dteach féin a cheannach. Faoin scéim, is féidir an teach incheannaithe a fháil ar cíos láithreach ón gComhairle ar feadh tréimhse nach faide ná trí bliana. Bíonn an rogha ag an iarratasóir an teach sin a cheannach aon tráth sa tréimhse trí bliana sin ar phraghas a bhíonn aontaithe sula ndeonaítear léas ar an maoin. Cuirfear 80% den chíos a bheidh íoctha in aghaidh cheannach an tí incheannaithe sa chás go gceannófar an t-aonad sa tréimhse trí bliana i.e. glacfar leis mar éarlais ar an maoin. Tá iarratasóirí incháilithe tar éis an-spéis a chur sa scéim seo, agus ceaptar go mbeidh formhór na n-árasán atá á dtairiscint fúithi áitithe i gcaitheamh 2012.

## Scéimeanna Tithíochta Deonaí

Cuireadh cistiú ar fáil i gcaitheamh 2011 tríd an Scéim Cúnaimh Chaipitil chun 9 n-aonad cóiríochta a sholáthar do chatagóirí sonracha de dhaoine a bhí i gcall tithíochta (daoine gan dídean agus daoine faoi mhíchumas).

## Cóiríocht don Lucht Siúil 2011

Tháinig an Coiste Comhairleach Áitiúil um Chóiríocht don Lucht Siúil le chéile seacht n-uaire sa bhliain 2011.

In 2011 athbhreithníodh an Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2009 - 2013 a glacadh ar an 9ú Márta 2009; níor athraíodh aon ní sa Chlár a bhí glactha.

Cuireadh clár mionoibreacha deisiúcháin a bhí beartaithe i gcrích lenar áiríodh monatóirí aonocsaíd charbóin a shuiteáil sna haonaid go léir den tsainchóiríocht don Lucht Siúil. Cuireadh isteach rampaí luais freisin i bPáirc San Louise.

Rinneadh athchóiriú iomlán ar theach i nGarrán Bhaile Uí Ógáin a bhí scriosta ag tuilte agus ligeadh tionóntaí isteach ann arís.

Athchóiríodh teach lae ar láithreán stad Lána an Átha Mhóir a raibh damáiste déanta ag tine dó.

Bogadh taifeadadh iomlán an eolais ar an sainstoc tithíochta don lucht siúil go dtí an córas OHM.

Líonadh ocht gcorrfholúntas sa sainstoc tithíochta don lucht siúil sa bhliain 2011.

## Cothabháil Stoc Tithíochta an Údaráis Áitiúil

Mar atá 31ú Nollaig 2011, bhí thart ar 4,300 teaghais ag an gComhairle ina stoc ar cíos. San iomlán fuarthas 5,367 iarratas ar chothabháil in 2011.

Is ag dul i bhfeabhas atá an bhail atá ar ár stoc tithíochta go príomha mar gur tógadh/athchóiríodh líon mór de na haonaid sna 5 bhliana seo caite agus freisin mar gheall ar ár gclár cothabhála beartaithe, clár atá ag leanúint ar aghaidh. Tá líon áirithe creataí i bhfeidhm anois le conraitheoirí speisialaithe formheasta agus cinntíonn sé sin chomh maith leis an atheagrú leanúnach atá á dhéanamh ar ár n-aonad saothair dhírigh, go bhfaightear an luach is fearr ar airgead i gcónaí.

## An Scéim Cóiríochta ar Cíos

Cuireadh tús leis an Scéim Cóiríochta ar Cíos i gComhairle Contae Dhún Laoghaire - Ráth an Dúin i Lúnasa na bliana 2006.

An líon tionóntaí a bhíodh ag tiarnaí talún príobháideacha, a bhí aistrithe go dtí an Scéim an 31/12/2011 – 511

An líon daoine gan dídean a bhí aistrithe go dtí an Scéim an 31/12/2011 - 33

# An Rannóg Acmhainní Daonna agus An Bord Forbartha Contae

Rinneadh feidhmeanna na Rannóige Acmhainní Daonna agus an Bhoird Forbartha Contae a chumasc faoi aon Stiúrthóireacht amháin i mí na Nollag 2009.

Bíonn an Rannóg Acmhainní Daonna gafa le gnáthriarachán fhorálacha reachtúla na fostaíochta agus leis na beartais, na nósanna imeachta agus na scéimeanna a bhíonn glactha ag an mbainistíocht. Is í an Rannóg freisin a bhíonn freagrach as Inrochtaineacht agus Comhpháirtíocht san Ionad Oibre.

Déanann an Bord Forbartha Contae go leor oibre i gcomhar le comhpháirtithe na Comhairle lena n-áirítear soláthraithe seirbhísí áitiúla eile san earnáil phoiblí, cuideachtaí forbartha áitiúla, an earnáil phobail agus dheonach agus gnóthais eagraithe.

## Foireann na Comhairle Contae

Ba 1,063 duine líon na foirne a bhí ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i ndeireadh na bliana 2011 agus áirítear leosan oibrithe cléireachais/riaracháin, oibrithe gairmiúla, teicniúla agus na hoibrithe ceirde agus ilsaothair a bhíonn lonnaithe in iostaí.

## Earcaíocht, Riarachán & Caidreamh Tionsclaíoch

Tugann an Rannóg Acmhainní Daonna seirbhís chomhairleach don bhainistíocht áitiúil ar mhaithe le comhionannas agus comhsheasmhacht a chinntiú ar fud na heagraíochta.

Cuirtear leas na foirne chun cinn trí scéimeanna i ndáil le cothromaíocht idir an obair agus an saol a bheith i bhfeidhm .i. fleisc-am, saoire scoilbhliana, obair a roinnt.

Aithníonn an tOifigeach Leasa Foirne gábha neamhbhuana nó deacrachtaí pearsanta a bhíonn ag baill foirne más ag an obair nó sa bhaile é agus déileálann sé leo; soláthraíonn sé seirbhís rúnda chomhairleoireachta, atreoraithe agus eolais chomh maith.

HUG ag bronnadh seic ar Ospís na Carraige Duibhe



### Comhionannas

Lean Oifigeach Comhionannais & Rochtana na Comhairle air i mbun monatóireachta agus athbhreithnithe ar na beartais chorparáideacha, na cleachtais agus na nósanna imeachta chun cinntiú go mbeidís comhsheasmhach leis an reachtaíocht fostaíochta agus chomhionannais go háirithe maidir leis na naoi bhforas leithcheala. Is ball de 2 líonra náisiúnta é trína bhforbraítear dea-chleachtas maidir le bainistiú ilghnéitheachta agus soláthar seirbhísí agus trína gcuirtear an cleachtas sin chun cinn.

### Inrochtaineacht

Ní raibh aon chistiú le fáil as Ciste na Straitéise Náisiúnta Míchumais i gcaitheamh 2011, ach ina ainneoin sin áiríodh an inrochtaineacht agus prionsabal an Dearaidh Rochtana oiriúnaithe do Chách sna tionscadail chaipitil nua go léir, sna cláir bhonneagair agus sna gnáthoibreacha, ag féachaint leis an rochtain ar an timpeallacht thógtha, ar eolas agus ar sheirbhísí a fheabhsú. Lean an Grúpa Comhairliúcháin um Míchumas lena gcruinnithe go rialta i gcaitheamh na bliana agus is acmhainn é an grúpa atá fóinteach fós don údarás.

Sháraigh Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin an athuair an sprioc 3% maidir le fostú daoine faoi mhíchumas dá dtagraítear san Acht um Míchumas 2005. (4.2% an sprioc a baineadh amach).

## Forbairt agus Oiliúint Foirne

Cuireadh oiliúint intí ar 854 ball foirne lena n-áirítear sna réimsí seo a leanas faoin gclár oiliúna i gcaitheamh na bliana: -

- Forbairt Phearsanta, Sláinte agus Sábháilteacht, Saoráil Faisnéise, Cúram do Chustaiméirí, Teicneolaíocht na Faisnéise
- Críochnaigh 4 ball foirne an cúrsa Teastais i Staidéir Rialtais Áitiúil
- Críochnaigh 4 ball foirne an Cúrsa Dioplóma i Staidéir Rialtais Áitiúil
- Fuair 41 ball foirne faomhadh faoin Scéim Cúnaimh le tabhairt faoi chúrsaí breisoideachais

## Comhpháirtíocht san Ionad Oibre

Lean an coiste Comhpháirtíochta air ag feidhmiú in 2011 agus bhí cruinnithe ar siúl go míosúil le líon áirithe de ghrúpaí Gníomhaíochta a bhí ag obair le cuspóirí/gníomhaíochtaí éagsúla a dtugtar breac-chuntas ar roinnt díobh anseo thíos, a chur ar aghaidh: -

### Na cláir Fill ar an Oideachas & Fetac

Rinne 3 ghrúpa cúrsa faoin gclár Fill ar an Oideachas i gcaitheamh na bliana, agus chríochnaigh grúpa eile Fetac a gcúrsa i mí na Nollag.

### Dínit agus Meas san Ionad Oibre

Glacadh beartas nua i mí na Nollag 2011; beidh éifeacht leis ar an 1ú Eanáir 2012. Cuireadh grúpa nua de theagmhálaithe ainmnithe faoi oiliúint freisin i mí na Nollag 2011.

### Uasghrádú Iostaí

Bhí líon áirithe cruinnithe ag Grúpa Gníomhaíochta Cumarsáide na Comhpháirtíochta i ndáil le hUasghrádú Iostaí le príomhbhaill foirne le linn na bliana. Thug an grúpa cuairt ar an láithreán nua mar tá sé le bheith críochnaithe go luath in 2012.

### An Grúpa Gníomhaíochta i ndáil le Sláinte agus Folláine

Lean an Grúpa Gníomhaíochta i ndáil le Sláinte agus Folláine i mbun gníomhaíochtaí ar mhaithe le sláinte agus folláine i gcaitheamh na bliana agus ghlac 204 ball foirne an scrúdú sláinte a eagraíodh i Halla an Chontae agus sa Rannóg Comhshaoil in Áth an Ghainimh.

### An Grúpa Carthanais “Hug” (a bunaíodh in 2010)

Chuir an grúpa nua seo “HUG” tús le hasbhaint as an bpárolla i Meán Fómhair 2010 agus tá idir 240 ball foirne agus phinsinéir ina mbaill ag an bpointe seo. Bheartaigh an grúpa a gcéad tabhartas a bhronnadh ar charthanas áitiúil amháin. Ba í Ospís na Carraige Duibhe an carthanas a roghnaíodh. Bhronn HUG seic €5,000 ar an Ospís ar an 16ú Nollaig 2011 agus bainfidh an Ospís leas as an airgead chun croch shoghluaiste a cheannach a bheidh ina cúnamh do dhaoine ina dtithe féin.

### Aitheantas as Fadseirbhís a thabhairt

I nDeireadh Fómhair 2011, d’eagraigh Grúpa na Gníomhaíochta Fadseirbhíse ócáid do bhaill foirne as seirbhís 24 bliain a bheith tugtha acu agus bhí 25 ball foirne san iomlán ann a bhí i dteideal freastal ar an ócáid.

### Seimineár ar Cháin

D’eagraigh an Oifig Comhpháirtíochta seimineár ar cháin i Halla an Chontae sa Bhealtaine; d’fhreastail 84 ball foirne air agus thug comhairleoir seachtrach léargas ar shaincheisteanna ábhartha arbh ábhar spéise iad do na daoine a bhí i láthair.

### Athbhreithniú Náisiúnta ar an gComhpháirtíocht san Ionad Oibre

Rannpháirtithe ba ea na príomhpháirtithe leasmhara atá i gComhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin san athbhreithniú náisiúnta ar an gComhpháirtíocht san Ionad Oibre. Ceapfaidh LANPAG “treoir nua don chomhpháirtíocht san ionad oibre”.

## An Bord Forbartha Contae

Comhordaíonn agus éascaíonn an Rannóg fóraim agus sásraí comhoibrithe éagsúla agus tugann sí tacaíocht riaracháin dóibh chun gníomhartha ilghníomhaireachtaí a chur i gcrích i dtéarmaí na straitéisí fadtéarmacha d’fhorbairt shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha an Chontae.

## Forbairt Eacnamaíoch

Leagann an Chomhairle béim ar thimpeallacht a bheadh fabhrach do ghnó a fhorbairt ar na bealaí seo a leanas:

- An áit a bheith sa chaoi is go mbeadh aghaidh na ndaoine go mór uirthi le maireachtáil inti, a bheith ag obair inti agus teacht ar cuairt inti.
- Seirbhísí éifeachtacha a sholáthar a bhíonn ríthábhachtach d'oibríochtaí gnó amhail bonneagar bóithre, soláthar uisce, diúscairt fuíolluisce agus timpeallacht thaitneamhach agus ghlan áitiúil a bhainistiú.
- Oibriú le grúpaí gnóthas eagraithe chun limistéir mhiondíola agus thráchtála sa chontae a chur chun cinn.

Nuair a oibríonn roinnt mhaith fachtóirí i dteannta a chéile is í an Fhorbairt Eacnamaíoch an toradh dearfach a bhíonn orthu. Tá roinnt mhaith díobh seo nach mbíonn faoi smacht na Comhairle. Dá bhrí sin bhí an Chomhairle rannpháirteach le páirtithe leasmhara eile nuair a bhíothas i mbun na ngníomhaíochtaí forbartha eacnamaíche seo a leanas sa bhliain 2011:

- Ag obair le húdaráis sa chomharsanacht chun forbairt eacnamaíoch réigiúnach a éascú taobh istigh de Chreatphlean Forbartha Eacnamaíche Réigiún Chathair Bhaile Átha Cliath.
- Ag obair leis an gcuideachta, Turasóireacht Bhaile Átha Cliath, chun margaíocht a dhéanamh ar tháirgí áitiúla turasóireachta agus ar nithe is díol suntais mar chuid de bhranda turasóireachta Bhaile Átha Cliath.
- Ag obair le gníomhaireachtaí tacaíochta na bhfiontar áitiúil, gníomhaireachtaí stáit agus grúpaí gnóthas chun gníomhartha arna gcomhaontú ag an mBord Forbartha Contae a chur i bhfeidhm.
- Ag obair mar chomhpháirtithe le cathracha agus Comhairlí eile ar mhaithe le cur i bhfeidhm tionscadal a chistíonn an AE agus a bhfuil d'aidhm leo an contae a chur chun cinn ar leibhéal níos forleithne.

Áiríodh iad seo a leanas le gnóthachtálacha na bliana 2011:

## Comhoibriú réigiúnach

Gnéithe a bhain le tríú Féile Nuálaíochta Bhaile Átha Cliath a eagrú i bpáirt.

## Turasóireacht

Leanadh ar aghaidh ag úsáid na dtreoirlínte brandála i ndáil le margaíocht agus cumarsáid do thurasóireacht dlrd mar chuid den bhranda turasóireachta Truly, Deeply, Madly Dublin

62,500 cuairt ar www.dlrtourism.com

4,599 íoslódáil de Shiúlóidí idirlín Dhún Laoghaire

12 cuairt ó na meáin ar an gcontae agus 20 imeacht bolscaireachta thar lear (Stallaí ag seónna trádála thar lear mar aon le gníomhairí taistil agus iriseoirí a thug cuairt ar an gcontae)

33,000 íoslódáil den Aip VisitDublin ar a bhfuil ábhar a bhaineann le táirgí turasóireachta dlrd agus na nithe is díol suntais.

## Limistéir Ghnó a chur chun cinn

Forfheidhmiú an Tionscadail BRAND d'fhonn branda bhaile Dhún Laoghaire a fhorbairt lena n-áirítear:

- Grúpa Pháirtithe leasmhara BRAND a bhunú ar a bhfuil príomhchinnteoirí sa Chomhairle, Cuideachta Cuain Dhún Laoghaire, Cumann Gnó Dhún Laoghaire, Fóram Pobail agus Deonach DLRD, Institiúid Ealaíne, Deartha & Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, Lárionad Siopadóireachta Dhún Laoghaire agus Cumann Lucht Tráchtála DLRD.
- Margaíocht a dhéanamh ar imeachtaí a bhíonn ag tarlú le linn na bhféilte sa bhaile faoin teideal *"Nach féile é an samhradh i nDún Laoghaire?"*
- Dhá cheardlann in oiliúint na hambasadóireachta a chur ar siúl do bhaill foirne líne tosaigh in óstáin, i ngnóthais agus i seirbhísí eile (e.g. maoir thráchta agus tiománaithe tacsaithe)
- An suíomh gréasáin dunlaoghaire.ie a fhorbairt, agus timpeall is 5,000 gnóthas áitiúil a bheith liostaithe air
- Leathanach Facebook a fhorbairt le haghaidh Bhaile Dhún Laoghaire
- Spól taispeána a fhorbairt don bhaile agus an chumarsáid ghrafach agus na híomhánna a foilsíodh in 2010 a bheith in úsáid.

Cás-staidéar ar Thionscadal BRAND a chur i láthair ag comhdháil bhliantúil Chlár na hÉireann-na Breataine Bige.

Sa bhliain 2010, sheol an Chomhairle scéim deontas chun gnó a chur chun cinn. Tá de phríomhchuspóir léi tacú le grúpaí gnóthas chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí bolscaireachta a tharraingeoidh níos mó daoine isteach ina limistéir thráchtála/mhiondíola faoi seach. Fuarthas 26 iarratas den sórt sa bhliain 2011. Áiríodh Féile Ealaíon an Gharráin Chnó in Ionad Siopadóireachta an Gharráin Chnó, Féile Beochana na Carraige Duibhe ar an gCarraig Dhubh agus imeachtaí Lá Bloom i nDún Laoghaire, i gCuas an Ghainimh agus i nGlas Tuathail agus ar an gCarraig Dhubh le roinnt de na tionscadail nua a bhí comhchistithe ag an gComhairle.

Bhunaigh an Chomhairle an chéad ionad oibre sealadach sa chontae in Park House, Sr. Sheoirse, Dún Laoghaire san Aibreán 2011. Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá le Tionscnamh na Siopaí Sealadacha:

- Baint den chuma mhíshlachtmhar a fhágann maoine folmha ar an Lár
- Tuilleadh daoine agus cuairteoirí a tharraingt isteach go dtí an Lár

- Poiblíocht a thabhairt don Lár
- Spás ar chostas íseal a thairiscint d'fhiontraithe agus d'fhiontair shóisialta le feidhmiú ar smaointe nua agus/nó le cliaint nua a tharraingt ina mbealach
- Maoine folmha a thaispeáint do thionóntaí dóchúla

Ghlac deichniúr tionónta san iomlán an deis ionad oibre sealadach a bheith acu in Park House in 2011. Osclaíodh an dara hionad oibre sealadach in Ionad Siopadóireachta Dhún Laoghaire i nDeireadh Fómhair 2011 agus thapaigh triúr tionónta a ndeis.

Cuireadh Tionscnamh Ionaid Oibre Shealadacha Dhún Laoghaire ar an ngearrliosta do Ghradaim Chumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann as Barr Feabhais sa Rialtas Áitiúil 2011 faoin gcatagóir Comhpháirtíocht le Gnó.

### Comhoibriú Idirghníomhaireachtaí

Comhordú Choiste Forbartha Eacnamaíche an Bhoird Forbartha Contae ar a bhfuil ardbhainistíocht Bhord Fiontar Contae DLRD, FÁS, Institiúid Ealaíne, Deartha & Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, Coiste Gairmoideachais Dhún Laoghaire, Coiste Gairmoideachais Chontae Átha Cliath, Comhpháirtíocht Dheisceart Bhaile Átha Cliath, Fiontraíocht Éireann agus Cumann Tráchtála DLRD.

Forfheidhmiú an Tionscadail SURE chun plean forbartha eacnamaíche áitiúla a fhorbairt do Bhaile Uí Lachnáin, Seangánach agus An Baile Breac lena n-áirítear:

- Grúpa tacaíochta áitiúla idirghníomhaireachtaí a éascú agus rannpháirtíocht air ón bpobal
- Taighde agus comhairliúchán ar mhaithe le gníomhartha a dhéanamh a bheadh oiriúnach don limistéar
- Dul i dtús cadhnaíochta ar ghníomhartha chun fáil amach an bhféadfaí oibriú le Bord Fiontar Contae DLRD mar shampla chun tús a chur le líonra gnó áitiúil

## Cuimsiú Sóisialta & Forbairt Shóisialta

### Forbairt Shóisialta

Bunaíodh líon áirithe de struchtúir idirghníomhaireachtaí chun tacú le comhoibriú, comhordú agus forbairt acmhainne sa chontae. Déanann an fhoireann i rannán an BFC obair éascaíochta agus riaracháin do na coistí seo.

An Coiste um Fhorbairt Shóisialta agus um Chuimsiú Sóisialta

An Comhchoiste Póilíneachta

Grúpa Stiúrtha Idirghníomhaireachtaí don Lucht Siúil, DLRD

An Grúpa Comhairliúcháin ar Mhíchumas

Fóram DLRD don Chomhtháthú

### RAPID

Is i limistéir Bhaile Uí Lachnáin agus Sheangánaí / Ráth Salach atá an Clár RAPID bunaithe agus tá d'aidhm leis an caighdeán saoil agus na deiseanna atá ann do na daoine a chónaíonn iontu a fheabhsú trí na seirbhísí a sholáthraíonn na soláthraithe éagsúla a chomhordú.

D'fhorbair RAPID plean gníomhaíochta a bhfuil ocht gcuspóir straitéiseacha leis lena n-áirítear: Oideachas & Oiliúint, Sláinte, Sábháilteacht an Phobail, An Timpeallacht Fhisiceach, Forbairt Pobail agus Cuimsiú Sóisialta, Tacaíocht Teaghlaigh, An Óige.

Is comhpháirtí sa tionscadal nua AE ar a dtugtar SURE í Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin (Éagsúlú na ngeilleagar áitiúil a chothú trí leas a bhaint as modhanna socheacnamaíocha nuálacha den Athshlánú Uirbeach i limistéir uirbeacha atá díothaithe). Tá Dún Laoghaire–Ráth an Dúin i measc seacht gcathair atá ag glacadh páirte sa tionscadal seo. Is é an aidhm atá leis an tionscadal cur le forbairt eacnamaíoch agus le fostaíocht. Is iad na limistéir RAPID an spriocréimse don tionscadal seo.

Thacaigh an Clár RAPID leis na tionscnaimh seo a leanas sa bhliain 2011:

Thacaigh RAPID leis an Nuachtlitir "Pobail ag Oibriú le Chéile" a fhorbairt mar thionscadal idirghníomhaireachtaí, chun bheith i dteagmháil leis na daoine as an áit a chónaíonn i limistéir RAPID.



Chuir sé cuid a dó de Thionscadal Ghairdín Pobail Sheangánaí ar aghaidh i gcomhar le CBS Sheangánaí.

D'eagraigh Tascghrúpa Tacaíochta Teaghlaigh RAPID sraith de thrí sheimineár sa bhliain 2011 mar thoradh ar thuarascáil taighde ar riachtanais na dteaghlach i mbaol a bhfuil clann orthu.

Bhunaigh RAPID agus An Garda Síochána Fóram Póilíneachta Áitiúla do limistéir Bhaile Uí Lachnáin, Sheanchille agus an Bhaile Bhric in 2011. Is éard atá d'aidhm leis an bhfóram deis a thabhairt do na daoine as an áit a chónaíonn i limistéar RAPID saincheisteanna sábháilteachta pobail a phlé leis an nGarda Síochána agus le Comhairle Contae DLRD.

## Cuimsiú Sóisialta

Tá **an tAonad um Chuimsiú Sóisialta** freagrach as cuimsiú sóisialta a chur chun cinn agus a phríomhshruthú sa Chomhairle Contae trí chláir, beartais, agus gníomhaíochtaí a phromhadh; agus as iarracht a dhéanamh nach bhfágfar aon ghrúpa as an áireamh ná nach mbeidh siad faoi mhíbhuntáiste ó thaobh teacht ar sheirbhísí poiblí de. Más gá cuireann an tAonad rannpháirtíocht ghníomhach grúpaí leochaileacha chun cinn maidir leis na gnéithe uile a bhaineann le soláthar seirbhísí poiblí.

## Áiríodh iad seo a leanas le gnóthachtálacha na bliana 2011:

Eagrú agus comhordú clár feasachta amhail: An tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta, Lá Domhanda na nDídeanaithe, Imeacht Sláinte agus Folláine, Comórtas Grianghraf an Aonaid um Chuimsiú Sóisialta, Oiliúint ar Chomhionannas agus ar Chearta Daonna, Féilire agus Gradaim d'Oibrithe Deonacha.

Comhordú an Chláir Lánpháirtíochta lena n-áirítear:

- Cur i dtoll a chéile agus comhordú Straitéis agus Plean Gníomhaíochta Chontae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin don Lánpháirtiú 2012-2015;
- Tacú le mionlaigh eitneacha agus a riachtanais a phléadáil tríd an bhFóram do Lánpháirtiú Mhionlaigh Eitneacha dlrd agus tríd an suíomh gréasáin www.dlrintegration.ie
- Comhordú Scéim Deontais Lánpháirtíochta dlrd;
- Tacú leis an Tionscadal, 'Comhpháirtíocht Shibhialta Náisiúnaigh Tríú Tíortha a Chur Chun Cinn', atá cistithe ag an gCiste Eorpach Lánpháirtíochta.

Comhoibriú leantach le heagraíochtaí reachtúla, pobail agus deonacha agus le heagraíochtaí neamhrialtasacha chun beartais don Chuimsiú Sóisialta a leabú i mbeartais agus i gcleachtais.

## An Chomhpháirtíocht Áitiúil Spóirt

Sa bhliain 2011 d'éirigh le Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin cúrsaí oiliúna, ceardlanna, agus cláir sa ghníomhaíocht choirp a eagrú agus a sholáthar ar fud an chontae, do shean agus óg, ar chumas ard nó íseal agus i ngach cineál spórt. Áirítear iad seo a leanas le cuid de na gnóthachtálacha ab fhearr:

Lara Elison i measc na bPoipíní sa Ghairdín Daingean i bPáirc Mharlaí



## 1. Traenálaithe/Oibrithe Deonacha a chur faoi oiliúint

- **Buntús** - 6 Bhunscoil (105 múinteoir & 1,472 dalta i gceist) agus 33 Réamhscoil (135 ball foirne & 949 leanbh i gceist)
- **Cosaint Leanaí** - 16 Ceardlann ar Bhunfheasacht ar ar fhreastail 245 traenálaí/oibrí deonach spóirt. Cúrsa oiliúna do 19 Oifigeach Leanaí críochnaithe
- **Clár Forbartha d'Oibrithe Deonacha Spóirt** – oiliúint in ábhair riaracháin go leor curtha ar 18 oibrí deonach spóirt áitiúil chun cuidiú leo i bhforbairt a gclubanna
- **Garchabhair don Spórt** – 26 rannpháirtí in 2 cheardlann
- **Gradam do Cheannaireacht Ghníomhach** – 12 oibrí deonach curtha faoi oiliúint le dul i mbun seisiún spóirt
- **Feasacht ar Mhíchumas** – 46 rannpháirtí as 17 club spóirt
- **Seimineár Eolais ar Fhorbairt Clubanna** - ar an 19ú Samhain i bPáirc an Chrócaigh ag a raibh 150 traenálaí/oibrí deonach. An téama "Ag Pleanáil don Todhchaí".

## 2. Cláir & Imeachtaí Rannpháirtíochta

- **Rás 5K Phobal DLRD** - imeacht do chách a bhí ar siúl i bPáirc Chill Bheagóige, agus inar ghlac 420 duine de mhuintir an Chontae páirt beag beann ar aois ná ar chumas.
- **Clár Aclaíochta** – gach seachtain glacann thart ar 120 duine scothaosta páirt sa chlár seo a bhíonn ar siúl in 3 ionad atá ag Seirbhísí Fóillíochta dlrd.
- **Laethanta Aclaíochta do Dhaoine Scothaosta** – eagraíodh dhá lá thrialacha inar tugadh deis do 180 duine scothaosta tabhairt faoin aclaíocht, spóirt nua a thriall agus bualadh le rannpháirtithe an Chláir Aclaíochta.
- **Gníomhach le haghaidh Spraoi** – clár dírithe ar chailíní san idirbhliain mar a n-úsáidtear an ghníomhaíocht i dteannta an oideachais le spéis a mhúscailt i spórt. Ghlac 107 cailín as 5 scoil páirt sa bhliain 2011. Bhí lá trialach spóirt sa Choláiste Ollscoile Baile Átha Cliath san áireamh leis.
- **Rothaíocht do Theaghlaigh na Ráillí** – Chuaigh 220 duine (leanaí 50% díobh) ar rothaíocht spraoi feadh na Ráillí i nDún Laoghaire mar chuid den tSeachtain Rothaíochta.
- **Siúlóid faoin gClár Operation Transformation** - siúlóid a bhí ann ar an 15ú Eanáir agus ina raibh 140 rannpháirtí agus seoladh an tSlí na Sláinte nua, Slí na Ráillí lena linn.
- **An Lá Spóirt do Theaghlaigh de chuid na Comhairle Spóirt** - thug clubanna áitiúla faoi 9 gcineál spóirt ar an 24ú Meán Fómhair i Seirbhísí Fóillíochta dlrd i mBaile Uí Lachnáin. Bhí os cionn 130 duine i láthair.
- **Tar ag Siúl** – grúpaí siúlóide agus 40 duine i ngach grúpa; bunaíodh iad i nDún Laoghaire agus i bPáirc Mharlaí agus buaileann na baill le chéile gach seachtain.
- **Trí-atlan Focus Ireland** – tacaíocht tugtha don trí-atlan rannpháirtíoch seo i nDún Laoghaire.
- **An tSeachtain Rothaíochta** – tacaíocht tugtha in eagrú na seachtaine seo chun rothaíocht a chur chun cinn
- **Coiste bunaithe chun daoine a spreagadh chun Siúil** – déanann an grúpa seo ionadaíocht thar ceann gníomhaireachtaí sa Chontae atá ag iarraidh daoine a spreagadh chun siúil

## 3. Cláir agus Forbairt Spóirt do Dhaoine faoi Mhíchumas

- **Cláir Rannpháirtíochta Spóirt**
  - Rinneadh teagmháil le breis is 1200 duine trí ghníomhaíocht éigin faoin gClár Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas, cibé ar chlár gníomhaíochta aon uaire nó seachtainiúil a bhí i gceist, ar i gclub nó i gcampa a tharla sí, nó arbh oiliúint traenálaithe nó oibrithe deonacha a bhí i gceist léi.
  - Bhí baint ag na clubanna seo leis - Surf 2 Heal DLR, Boccia & Peil i gCathaoireacha Rotha, Peil do Chách, Na hEalaíona Comhraic, na Seachtainí SportsABILITY, Gníomhaíochtaí Peile Gaelaí do Chách (C.L.G.), clubanna ilspórt agus imeachtaí eile.
- **Acmhainn a Fhorbairt** - Os cionn 54 seirbhís do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine eile páirteach mar rannpháirtithe nó mar chomhpháirtithe ar chláir agus ar chúrsaí oiliúna faoin Oifigeach Rannpháirtíochta sa Spórt do Dhaoine faoi Mhíchumas
- **Fáil ar Spóirt** - Ghlac daoine as réimse mór de mhíchumais páirt i spórt, e.g. Xcessible DLR, agus ba é an chéad uair ag roinnt díobh é.
- **Spreagadh Feasachta/ Oiliúint i ndáil le Rannpháirtíocht Daoine faoi Mhíchumas** - lena n-áirítear oibriú le daltaí idirbhliana, le hionaid fóillíochta phoiblí, clubanna spóirt, mic léinn 3ú leibhéal, ábhar múinteoirí, múinteoirí agus daoine a chuireann seirbhísí ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas i réimse na gníomhaíochta coirp.

## 4. Deontais Forbartha Clubanna

- Tugadh deontais do 14 club chun cuidiú leo le cláir rannpháirtíochta agus lena gclubanna a fhorbairt - tugadh amach €7,250 san iomlán.

## 5. Fóram Spóirt

- Rinneadh ionadaíocht thar ceann 56 club - rud a chuir le comhordú agus le cumarsáid
- Tugadh treoir don Chomhpháirtíocht Spóirt ó thaobh riachtanas oiliúna agus forbartha na gclubanna de

- Bhí Obair Dheonach, Árachas, an Straitéis Spáis Oscailte ar na téamaí a cuireadh i láthair

## 6. Soláthar Eolais

- Pointe teagmhála agus foinse eolais don spórt in DLRD – cumainn, saoráidí, deontais/cistiú, forbairt clubanna, cláir & imeachtaí
- Suíomh gréasáin, Facebook, r-nuachtlitir, preaseisiúintí, dlr Times, cur i láthair, suíomh gréasáin Get Ireland Active
- Nuashonrú leanúnach ar na bunachair shonraí do chlubanna spóirt agus do shaoráidí sa chontae
- Bileog Eolais CSDLRD – aistríodh é go 5 theanga le maoiniú ón Aonad um Chuimsiú Sóisialta.

### Fóram Pobail agus Deonach an Chontae

Cuireann Fóram Pobail & Deonach Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin roimhe a chinntiú go gcloistear tuairimí na hearnála pobail agus deonaí agus go gcuirtear san áireamh iad i bhforbairt leanúnach an chontae. Tá breis is 400 eagraíocht de bhallraíocht aige a fheidhmíonn thar ceann lear mór grúpaí sainleasa amhail grúpaí pobail áitiúil, grúpaí comhshaoil agus oidhreachta, grúpaí seirbhísí sóisialta agus fiontair, grúpaí spóirt agus go leor eile nach iad.

### Áiríodh iad seo a leanas le gnóthachtálacha an Fhóraim in 2011:

Glacadh páirt ghníomhach i Lá Fiontair an Chontae, i bhFéile na Bealtaine, sna Gradaim Phobail agus sa tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta.

Tugadh cúnamh, le tacaíocht ón Rannóg Pleanála, do na Grúpaí Pobail agus Deonacha a bheith páirteach agus aighneachtaí a chur isteach maidir leis an athbhreithniú ar na Pleananna Limistéir Áitiúil.

Cuidíodh leis an bhforbairt ar Choiste Éagsúlachta an Gharda Síochána i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, ar mhaithe le comhpháirtíochtaí nuálacha, gníomhaíochtaí cuir chun cinn agus cumarsáid a spreagadh idir na grúpaí sóisialta agus eitneacha agus An Garda Síochána.

Cuireadh Scéim Deontais Pobail an Fhóraim Phobail chun cinn. Faoin scéim, déantar foráil chun deontais nach mó ná €500 a bhronnadh mar chabhair d'eagraíochtaí cleamhnaithe chun cur lena mballraíocht agus lena rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí.

### Bhí an Fóram gníomhach i mbun tacaíochta dóibh seo a leanas in 2011:

Tacaíocht do rannpháirtíocht leanúnach ár nIonadaithe Pobail ar an mBord Forbartha Contae, ar an gComhchoiste Póilíneachta, ar 5 Choiste don Bheartas Straitéiseach agus ar chomhlachtaí eile an rialachais áitiúil.

Forbairt leanúnach ar an mBord Bainistíochta Saorálaíochta ilghníomhaireachtaí chun ionad saorálaíochta 'Buail isteach' don Chontae a chur chun cinn/a rith.

# An Rannóg Seirbhísí Dlí

## Soláthraíonn an Rannóg Seirbhísí Dlí seirbhís ghníomhach agus riachtanach intí do rannóga uile na Comhairle agus do chleamhnaithe na Comhairle. Tá stór mór saineolais ag an Rannóg i ngach aon réimse de dhlí, cleachtas agus riarachán an rialtais áitiúil.

Áirítear iad seo a leanas leis na seirbhísí iomadúla agus éagsúla atá ar fáil ón Rannóg Seirbhísí Dlí:

- Comhchomhairle le bainistíocht agus foireann na Comhairle
- Rannpháirtíocht agus ról gníomhach i bhforbairt mórthionscnamh de chuid na Comhairle, i bhforfheidhmiú beartais agus i soláthar seirbhísí
- Forfheidhmiú cód agus bainistiú saincheisteanna dlíthíochta
- Imeachtaí Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh
- Fiosruithe Poiblí
- Saincheisteanna bainteach le Rialachas Corparáideach
- Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh
- Tíolacadh agus bainistiú maoine
- Gnáthchomhairle

Bíonn foireann na Rannóige, i mbun a cuid oibre di, i dteagmháil go rialta thar ceann na Comhairle le ranna Rialtais, leis An tSeirbhís Chúirteanna, leis An Údarás Clárúcháin Maoine agus le haturnaetha, abhcóidí agus sainchomhairleoirí iomadúla eile.

Tugtar faoin ngairmoiliúint, faoin oiliúint san fhorbairt ghairmiúil agus phearsanta ag féachaint go cuí do na cuspóirí atá i bPlean Corparáideach na Comhairle agus i bPlean Foirne an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta de chuid na Rannóige féin.

Úsáidtear an Córas Bainistíochta Cáis atá cothrom le dáta i dteannta an Deachtaithe Dhigitigh le linn próiseáil agus bainistiú na gcomhad rud a chinntíonn go soláthraíonn an Rannóg seirbhís éifeachtach agus fhorásach dá cliaint-rannóga uile. Ba an-úsáideach agus éifeachtach a chruthaigh an córas ríomhairithe bainistíochta comhad agus tuairiscithe seo a bheith mar uirlis chuidithe don soláthar seirbhíse i ndáil le ról na rannóige cóid a fhorghníomhú, rátaí tráchtála a aisghabháil agus i ndáil leis na gnáthábhair dhlíthíochta i gcoitinne.

Thit líon na n-idirbheart tíolactha mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta, ach tháinig ardú suntasach ar líon na n-éileamh dlíthíochta agus cointinneach agus is mar sin atá go fóill. Leanann na Seirbhísí Dlí orthu ag foráil do na hathruithe seo chun cinntiú go ndéantar bainistiú éifeachtach ar chásanna agus ar éilimh.



# An Rannóg Pleanála

## Is í an Rannóg Pleanála atá freagrach as forálacha na nAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000-2010, as na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001 - 2010 agus as an reachtaíocht um Rialú Foirgníochta a fhorfheidhmiú.

Áirítear leis an obair sin athbhreithniú a dhéanamh ar an bPlean Forbartha Contae atá i bhfeidhm faoi láthair agus Plean nua Forbartha a chur i dtoll a chéile gach sé bliana, Pleananna Limistéir Áitiúil a chur i dtoll a chéile agus a fhorfheidhmiú, iarratais ar chead pleanála a mheas, forbairt leanúnach a rialú, reachtaíocht phleanála a fhorfheidhmiú, agus comhairle a thabhairt maidir le saincheisteanna pleanála agus an reachtaíocht um Rialú Foirgníochta a fhorfheidhmiú.

### Táscairí Seirbhíse um Rialú Forbairtí

- Ba 1,019 an líon iarratas pleanála a fuarthas sa bhliain 2011 agus b'ionann sin agus laghdú 17.22% ar fhigiúr na bliana 2010.
- Ba 972 an líon iarratas pleanála bailí a ndearnadh cinneadh orthu.
- Ba 138 an líon iomlán cinntí a d'eisigh An Bord Pleanála sa bhliain 2011 i ndáil le hachomhairc. D'athraigh/sheas An Bord Pleanála le cinneadh an Údaráis Phleanála i gcás 106 (76.81%) den líon sin agus mhalartaigh an Bord cinneadh an Údaráis Phleanála i gcás 32 (23.19%) den líon sin.
- Sa bhliain 2011 bhí 4 thogra de chuid na Comhairle Contae maidir le tabhairt faoi fhorbairt faoi réir ag próiseas comhairliúcháin phoiblí dá bhforáiltear faoi Chuid 8 de na Rialacháin um Pleanáil & Forbairt 2001.
- Cuireadh aon iarratas mhór amháin pleanála a bhí faoi réir ag Ráiteas Tionchair Timpeallachta faoi bhráid na Comhairle in 2011.

### Forfheidhmiú

- Osclaíodh 217 comhad nua san iomlán in 2011.
- Réitíodh 133 comhad san iomlán i gcaitheamh na bliana trí idirbheartaíocht.
- 241 an líon litreacha rabhaidh a eisíodh.
- 48 an líon Fógraí Forfheidhmithe a eisíodh.
- 23 an líon ionchúiseamh a tionscnaíodh.

Páirc Eolaíochta & Teicneolaíochta Choill na Silíní



## Alt 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000

Sa bhliain 2011 fuarthas 139 iarratas ar Dhearbhú nó ar Tharchur, faoi Alt a 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Cuireadh dhá iarratas ar aghaidh chuig an mBord Pleanála le haghaidh athbhreithnithe.

## An Plean Forbartha Contae:

Ráiteas scríofa agus sraith de 14 mapa atá sa Phlean Forbartha. Leagtar amach gnáthbheartas na Comhairle d'fhorbairt an chontae sa ráiteas scríofa. Áirítear leis caighdeáin mhionsonraithe maidir le forbairt a rialú agus cuspóirí sonracha do limistéir éagsúla.

Léirítear ar na mapaí na forálacha criosúcháin atá sa Phlean i ndáil le húsáid talún, cláir na mbóithre agus cuspóirí eile amhail caomhnú crann agus déanmhas ar díol suntais iad ó thaobh na seandálaíochta de. Féachtar sa Phlean le soláthar do leas chónaitheoirí an Chontae sa todhchaí trí chuidiú le fás na fostaíochta trína chinntiú go mbeidh dóthain talún criosaithe ar fáil faoi chomhair riachtanas réamh-mheasta, trí mhianach an chomhshaoil a chosaint agus trína chinntiú go soláthrófar an bonneagar is gá.

Téama seasta sa Phlean is ea an fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Aithnítear sa Phlean freisin an gá atá le comhoibriú leis an Údarás Réigiúnach, le hOifig Iompair Bhaile Átha Cliath agus le gníomhaireachtaí eile ar mhaithe le freastal ar riachtanais Réigiún Bhaile Átha Cliath.




## Athruithe:

Sa bhliain 2011, rinneadh 6 athrú ar an bPlean Forbartha Contae 2010-2016 mar a leanas:-

- Athrú Uimh. 1 – L.C.A. Cill Iníon Léinín
- Athrú Uimh. 2 – Creatphlean Uirbeach Áth an Ghainimh
- Athrú Uimh. 3 – na L.C.A. (i) Iostáin an Chaisleáin, Bóthar Reabóige, (ii) Ardán Bhaile Amhlaoibh, Bóthar Áth an Ghainimh, (iii) Iostáin Moss, Bóthar Áth na Sceire.
- Athrú Uimh. 4 – An Bhunstraitéis
- Athrú Uimh. 5 – An Straitéis Airde Foirgnimh
- Athrú Uimh. 6.2 – L.C.A. Bóthar Silchester

## Pleananna Limistéir Áitiúil

Tá cuspóirí sa Phlean Forbartha Contae 2010-2016 i dtaobh líon áirithe de Phleananna Limistéir Áitiúil, Pleananna do Chriosanna Forbartha Straitéisí agus Creatphleananna Uirbeacha a ullmhú.

Leanadh den obair a bhain leis na Pleananna Áitiúla seo a leanas in 2011:

- Crios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní
- Creatphlean Uirbeach Áth an Ghainimh
- Plean Limistéir Áitiúil Bhaile na nGabhar

Tugadh faoi roinnt sonraí a bhailiú roimh ré sa dara leath den bhliain 2011 maidir leis na Pleananna Limistéir Áitiúil seo a leanas:-

- Plean Limistéir Áitiúil Dhún Laoghaire
- Plean Limistéir Áitiúil na Carraige Duibhe

Táthar ag súil go ndéanfar dul chun cinn chun tuilleadh Pleananna Limistéir Áitiúil a bhrostú ar aghaidh i gcaitheamh shaolré an Phlean Forbartha Contae 2010-2016 mar a leanas:

- Plean Limistéir Áitiúil an Naigín
- Plean Limistéir Áitiúil Chill Tiarnáin/Ghleann na Muc (Leasuithe)
- Plean Limistéir Áitiúil Sheanchonach
- Plean Limistéir Áitiúil Ráth Michíl/Bhóthar Ghleanntán na Raithní

## An Straitéis Airde Foirgnimh:

I dteannta a bhfuil luaite thuas, leanadh ar aghaidh le tuilleadh oibre a dhéanamh in 2011 ar an ullmhúchán ar an Straitéis Airde Foirgnimh leasaithe (Athrú Uimh. 5). Ghlac na comhaltaí leis an Athrú seo ar an bPlean Forbartha Contae sa bhliain 2011.

## Limistéir Chaomhantais Ailtireachta:

Leanadh ar aghaidh leis an measúnú ar líon áirithe de Limistéir Chaomhantais Ailtireachta is Iarrthóirí.

Leanadh ar aghaidh freisin leis an measúnú ar na trí Limistéar Chaomhantais Ailtireachta seo a leanas:-

- Pointe Chuas an Ghainimh, Cuas an Ghainimh
- Baile na Manach
- Na Ráillí

## Scéim Ranníocaí Forbartha (Alt 48 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000)

Ghlac an Chomhairle an Scéim Ranníocaí Forbartha 2010 – 2017 faoi Alt 48 an 14ú Nollaig 2009. Ba €156 milliún iomlán na bhfáltas faoin Scéim Ranníocaí Forbartha 2004 - 2009 agus 2010-2017 faoi Alt 48 agus ba thart ar €3 mhilliún iomlán na bhfáltas sa bhliain 2011.

## Scéim Ranníocaí Forbartha Forlíontacha (Alt 49 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000)

Ghlac an Chomhairle Scéim Ranníocaí Forbartha Forlíontacha faoi Alt 49 an 13ú Eanáir 2003. Ceanglaítear leis go n-íocfaí ranníoc airgeadais i leith an chostais a bhaineann le síneadh a chur le Líne B den Luas ó Iosta Áth an Ghainimh go Coill na Silíní ar a nglaoitear Líne B1 den Luas.

Ba €23 milliún iomlán na bhfáltas a fuarthas ó 2003 go 2011 maidir leis an Scéim Ranníocaí Forbartha Forlíontacha. Fuarthas €384,000.00 san iomlán sa bhliain 2011.

## Scéim Ranníocaí Forbartha Forlíontacha (Alt 49 de na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000-2006)

Ghlac an Chomhairle an Scéim Ranníocaí Forbartha Forlíontacha faoi Alt 49 an 10ú Samhain 2008 ar mhaithe leis an bhforbairt ar Scéim Bhóthar Dáileacháin Cheantar Ghleann na Muc agus ar an Scéim Linnte, Tanúchán Uisce Dromchla, a chistiú.

## An Rannán Rialaithe Foirgníochta

Is é Rannán Rialaithe Foirgníochta na Rannóige Pleanála atá freagrach as faireachán a dhéanamh ar na hAchtanna um Rialú Foirgníochta 1990 & 2007 mar aon leis na Rialacháin arna ndéanamh faoi na hAchtanna sin.

Déanann an Rannán Rialaithe Foirgníochta faireachán ar thart ar 15% de na hoibreacha nua foirgníochta go léir a gcuirtear tús leo sa chontae gach bliain maidir le comhlíonadh na Rialachán Foirgníochta, ach is ar na húinéirí agus na tógálaithe go príomha, áfach, a thiteann an fhreagracht maidir lena gcomhlíonadh.

Comhordaíonn an Rannán Rialaithe Foirgníochta an próiseas reachtúil a bhaineann le bóithre i bhforbairtí nua a ghlacadh faoina chúram. Áirítear leis an bpróiseas faireachán a dhéanamh ar chríochnú bóithre, seirbhísí, soilsiú poiblí agus spásanna oscailte i bhforbairtí nua fad is a bhíonn na hoibreacha forbartha ag dul ar aghaidh. Nuair a bhíonn an fhorbairt críochnaithe déantar cigireachtaí eile chun cinntiú go gcomhlíonann na hoibreacha suímh caighdeáin na Comhairle i ndáil leis an nglacadh faoi chúram mar atá leagtha amach in "Oibreacha Forbartha i Limistéir Chónaithe agus Thionsclaíocha" (Treoirdhoiciméad).

Ghlac an Chomhairle 5 eastát san iomlán faoina cúram sa bhliain 2011.

Tá líon suntasach d'fhorbairtí ag céim an fhorfheidhmithe mar gur theip ar na forbróirí na hoibreacha a chríochnú go caighdeán na Comhairle.

## Na Rialacháin Foirgníochta

Tháinig líon áirithe de cheanglais reachtúla sa bhreis i bhfeidhm leis na Rialacháin um Rialú Foirgníochta (Leasú) 2009 faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta.

Tháinig na Rialacháin in éifeacht i nDeireadh Fómhair 2009 agus forordaítear iontu na nósanna imeachta maidir leis na bearta deimhniúcháin nua i leith:

- Fógra Seacht Lá
- Deimhniú um thabhairt chun rialtachta
- Deimhniú um Shábháilteacht ó Dhóiteán, leasaithe.

Tháinig Deimhnithe Rochtana Míchumais agus Deimhnithe Athbhreithnithe Rochtana Míchumais in éifeacht i mí Eanáir 2010.

Cuireadh isteach ar 107 Deimhniú Rochtana Míchumais san iomlán i leith oibreacha nua sa bhliain 2011 agus ceadaíodh 106 díobh sin.



Foráiltear sna Rialacháin freisin d'achomharc a dhéanamh chun an Bhoird Phleanála maidir le Deimhniú um Thabhairt chun Rialtachta, Deimhniú Rochtana Míchumais/Deimhniú Athbhreithnithe Rochtana Míchumais faoi Alt 6 den Acht.

## Deimhnithe Rátála Fuinnimh Foirgnimh

Tá an Chomhairle freagrach as monatóireacht na Rátálacha Fuinnimh Foirgneamh faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh) 2006 (IR Uimh. 666 de 2006). Tugann Rialú Foirgníochta faoi fhaireachán ar fhoirgnimh nua chun cinntiú go mbíonn RFF faighte ag an bhfoirgneamh sula n-áitítear é. Is nós leis an gComhairle cuairt a thabhairt ar ghníomhairí eastáit/ceantálaithe sa Chontae, a ghníomhaíonn ar son díoltóirí. Ní mór d'fhoirgneamh nua cónaithe nó tráchtála, nó d'fhoirgneamh atá ann cheana atá le ligean nó le díol RFF a bheith aige sula n-áitítear é. Tá an Chomhairle sásta lena mhéid is a chomhlíontar an reachtaíocht maidir leis an Deimhniú Rátála Fuinnimh Foirgnimh i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Níor thionscain an Chomhairle imeachtaí forfheidhmithe, go dtí seo, as mainneachtain deimhnithe FRR a chur isteach ach tá sí gníomhach i mbun faireacháin ar an gcás agus i gcás ina mbeidh an Chomhairle sásta nach bhfuiltear ag comhlíonadh na Rialachán, tionscnóidh sí imeachtaí forfheidhmithe.

## Suirbhé Náisiúnta ar Fhorbairtí Tithíochta atá ar siúl

D'fhoilsigh an tAire Stáit do Thithíocht agus Seirbhísí Áitiúla, agus an tAire Stáit a bhfuil freagracht ar leith air as Pleanáil, Iompar Inbhuanaithe & Gairneoireacht Suirbhé Náisiúnta ar Fhorbairtí Tithíochta atá ar Siúl an 21ú Deireadh Fómhair, 2010.

Ba í an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil a d'ullmhaigh an tuarascáil, i ndiaidh suirbhé a bheith déanta ag cigirí tithíochta na Rannóige ar na forbairtí tithíochta uile ina bhfuil dhá theaghais nó breis is dhá theaghais agus a tógadh nó ar deonaíodh cead pleanála ina leith le blianta beaga anuas agus ar a raibh an obair tosaithe tráth a raibh an suirbhé á dhéanamh (rinneadh é ó Bhealtaine go Meán Fómhair 2010).

Tá an Rannán Rialaithe Foirgníochta gníomhach i mbun monatóireachta ar na heastáit atá inár ndlínse agus bíonn comhráite againn go leanúnach leis na forbróirí faoi seach, nó lena ngníomhairí chun cinntiú go ndéantar cothabháil shásúil ar na heastáit seo. Tá an Chomhairle sásta ó tharla go ndearnadh cigireacht ar na mórláithreáin sa Chontae nach ann do shaincheisteanna suntasacha maidir le hoibreacha fóntais áitiúil (.i. bóithre, soilsiú, uisce agus draenáil, etc.) ar na láithreáin seo.

## Measúnú Leanúnach agus Feabhsú Seirbhísí.

Tá an Rannóg Pleanála fós ag tabhairt faoi spáráil airgid agus faoi éifeachtúlacht mar go bhfuil feabhsúcháin déanta i ndáil le seirbhísí a sholáthar.

Áirítear iad seo a leanas le samplaí d'fheabhsúcháin den sórt a rinneadh:

- Bailíochtú a dhéanamh ar iarratais phleanála ar an lá céanna
- Déantar an bailíochtú dhá uair sa tseachtain rud a fhágann an liosta seachtainiúil níos cruinne agus na hamanna bailíochtaithe laghdaithe go mór.
- Is iad Cinntí/Clárú a dhéanann na measúnaithe faoi Alt 48 anois agus tháinig feabhas mór ar bhogadh ar aghaidh na gcomhad dá bharr seo.
- Tugtar na comhaontuithe maidir le steiriliú talún ar na mapaí anois rud a chuireann leis an bhfaisnéis a bhíonn ar fáil don phobal.
- Déantar an t-anailísiú a dhéantar tar éis cinntí a bheith déanta a dhoiciméadú anois rud a chuireann leis an bhfaisnéis a bheidh ar fáil don chinnteoireacht sa todhchaí.
- Tá tús curtha againn le haighneachtaí a fháil le ríomhphost agus le híocaíocht le cárta creidmheasa/léasair.
- Táthar tar éis córas nua T.F. a choimisiúnú i gcomhair na Ranníocaíochtaí Forbartha agus cuirfidh sé sin go mór le héifeachtúlacht, go háirithe i gcás fiacha a bhailiú.

Tá an Rannóg Pleanála fós ag spreagadh an phobail páirt níos mó a ghlacadh inár bpróisis, go háirithe sna próisis reachtúla, trí sheisiúin faisnéise a fhógraítear go forleathan a bheith ann agus trí shuíomh gréasáin na Comhairle a úsáid ionas go mbeidh sé níos éasca aighneachtaí bainteach leis an bPlean Forbartha a dhéanamh ar líne. Neartaíonn bearta den sórt an daonlathas áitiúil agus rannpháirtíocht an phobail i mórphróisis chinnteoireachta agus lena chois sin cuireann siad leis an gcumarsáid leis an bpobal agus treisíonn siad a rannpháirtíocht.

# An Rannóg Iompair

## Áirítear na gníomhaíochtaí seo a leanas le príomhghníomhaíochtaí na Rannóige Iompair:

- dearadh tógála, agus cothabháil ar bhóithre agus ar mhótarbhealaí;
- feabhsú acomhal agus bainistíocht tráchta;
- soláthar mórlánaí bus;
- cothabháil agus feabhsú áiseanna coisithe agus rothaíochta;
- soláthar agus cothabháil soilsithe phoiblí;
- rialú bóithre agus monatóireacht ar oscailtí bóthair;
- feabhsú áiseanna do dhaoine maolghluaiste agus d'úsáideoirí faoi mhíchumas a bhíonn ar bóthar;
- bainistiú páirceála agus rialú páirceála;
- bearta sábháilteachta ar bhóithre a thabhairt isteach;
- an tseirbhís maor scoile a fheidhmiú.

## An Rannán Cothabhála Bóithre

### Clár Athchóirithe ar Bhóithre

Atógadh/Cuireadh athdhromchla ar 12 bóthar in 2011 trí dheontas €2,921,270 ón Roinn Iompair - Deontas Feabhsúcháin Athchóirithe Bóithre.

Bhíothas ábalta oibreacha cothabhála a dhéanamh ar 5 bhóthar sa bhreis sa Chontae trí dheontas breise €878,000 ón Roinn Iompair - Deontas Cothabhála Athchóirithe Bóithre.

Áirítear iad seo a leanas le roinnt de na móroibreacha a rinneadh in 2011 le cabhair na ndeontas sin:

- Ascaill Bhaile an Bhóthair - athdhromchlú bóthair, soláthar scaglána go dtí an N11 agus athnuachan cosán;
- Bóthar Brighton, Carraig an tSionnaigh - córas nua draenála bóthair, athdhromchlú bóthair agus athnuachan cosán;
- Bóthar Dhún Droma ó Dhroichead Bhaile an Mhuilinn go Crosairí Theach Naithí.

### Clár Athchóirithe ar Chosáin

Rinneadh Oibreacha ar Conradh ar 9 láthair sa bhliain 2011 le €800,000 de mhaoiniú a tháinig as foinsí na Comhairle féin.

Rinneadh na deisiúcháin agus an athnuachan ar chosáin freisin trí Obair Dhíreach.

### An Rannán Rialaithe Bóithre

Baineann BSL, Bord Gáis agus Cuideachtaí Cumarsáide (Eircom & UPC) úsáid anois as an gcóras iarratais ar líne Roadmap.

Raon Rothar in aghaidh an tsrutha, Ascaill an Bhaile Nua, An Charraig Dhubh



Leanadh ag cur leis an gcóras seo sa bhliain 2011 ionas go mbeadh sé cumasaithe chun na hiarratais go léir ar Cheadúnais chun bóithre poiblí agus cosáin a thochailt a ghlacadh. Táthar á bhreithniú seo in éineacht leis an bhforbairt ar an gcóras nuashonraithe "Rialú Oibreacha Bóithre Ar Líne" ar a dtugtar "Licenceit".

Thug Bord Gáis tionscadal sé bliana a bhain le hathnuachan an phríomhlíonra chun críche sa Chontae sa bhliain 2010 – "Tionscadal Luathaithe um Athnuachan Príomhlíonra". Críochnaíodh cigireacht agus seiceáil fabhtanna na n-oibreacha athdhúnta a rinneadh ar na "Bloic" seo sa bhliain 2011.

Lean UPC-NTL orthu i mbun uasghrádaithe den sórt céanna ar a seirbhísí féin sa Chontae in 2011; "Rings" ab ainm don tionscadal. 25 ceann de na "Rings" atá críochnaithe go dtí seo.

Caitheadh an tsuim €315,000 ar oscailtí a dhúnadh go buan; oscailtí ba ea iad seo a rinneadh chun deisiúcháin a dhéanamh ar líonra an tsoláthair uisce.

Sa bhliain 2011, leanadh ar aghaidh i líon áirithe limistéar sa Chontae leis an uasghrádú ar "Thionscadal Athshlánaithe Phríomhlíonra Uisce Réigiún Bhaile Átha Cliath", tionscadal ar cuireadh tús leis in 2010 chun an príomhlíonra uisce a uasghrádú go céimneach.

### Soilsiú Poiblí

Sa bhliain 2011 leanadh den chlár atá fós ar siúl agus a bhaineann le lóchrainn agus colúin a athsholáthar. Tá 23,000 éigin lóchrann sa Chontae.

### An Rannán Rialaithe Páirceála

Ghlac an Chomhairle na Fodhlíthe um Rialú Loctha (Leasú), 2011 agus tháinig siad i ngníomh an 1 Eanáir 2011.

Cuireadh Scéimeanna Páirceála i bhfeidhm sna láithreacha seo a leanas in 2011:

- Eastát an Aird Ghlais,
- Bóthar Braemor, Baile an Teampaill
- Sráidbhaile Chábán tSíle (Méadú),
- Carrchlós Ionad Siopadóireachta Dhún Droma.

Eisíodh 37311 fíneáil sa bhliain 2011 de bharr coireanna a bhain le páirceáil agus trácht ar bhóithre.

Eisíodh 4516 achomharc in aghaidh fíneálacha páirceála in 2011. Ceadaíodh 1900 de na hachomhairc sin.

Ciontaíodh 1103 duine sa Chúirt Dúiche i gcaitheamh 2011 de bharr nár íocadh fíneálacha páirceála.

## Oifig na dTionscadal Bóithre

Is iad seo a leanas na scéimeanna móra caipitil atá á ndearadh/á dtógáil nó a chríochnaigh an Chomhairle le deireanas agus a chistigh An Roinn Iompair. Ba €2,500,000 an leithdháileadh caipitil a fuarthas sa bhliain 2011.

### Scéimeanna a críochnaíodh:

- Bealach Bhaile Uí Mhurchú;
- Oibreacha acomhail ar Bhóthar Ghleann na gCaorach Uachtarach agus Ascaill na Cille / Bhaile an Chnoic Íochtarach;
- Balla Teorainn ar Eastát Moreen (Uasghrádú ar an M50);
- Comharthaíocht ar thimpeallán Acomhal 14 ar an M50;
- Comharthaí do choisithe ar Thimpeallán Bhóthar Bhaile na Lobhar/Bhóthar na Grúdlainne.

### Scéimeanna a bhfuiltear i mbun obair thógála orthu:

- Bealach Coisithe agus Rotharbhealach idir Bóthar Bhaile na Lobhar agus Bóthar na Grúdlainne (feadh sheanlíne Shráid Fhearchair).

### Scéimeanna ag Céim an Dearaidh:

- Méadú Bhóthar Halla an Bhurtúnaigh (OCÉ);
- Bóthar na Potaireachta (OCÉ);
- Bóthar Ceangail Bhaile na Lobhar (OCÉ);
- Athchumrú Thimpeallán Bhóthar Bhaile na Lobhar (OCÉ);
- Droichead Coisithe agus Rothar ar an M50;
- Bóthar Sheangánaí;
- Carrchlós an DART, Seanchill;
- Rotharbhealaí Bhóthar Braemor;
- Cigireacht ar Dhroichead Classon;
- Rotharbhealach agus Cosán idir Gleann Bhríde agus Seanchill;
- Lánaí Dhún Laoghaire;
- Bóthar an Ghleanna Dhuibh/Bóthar Ghráinseach an Araltaigh;
- Ascaill Bhaile an Róistigh/Bóthar na Mainistreach.

## An Rannán Pleanála Iompair

- Tuairisc tugtha ar 606 iarratas pleanála;
- 4 iarratas faoi Chuid VIII;
- 20 aighneacht ar chomhlíonadh, 2 achomharc chuig an mBord Pleanála;
- Os cionn 100 cruinniú tionólta le hailtirí, innealtóirí agus pleanálaithe ar mhaithe le dul chun cinn na n-iarratas pleanála a éascú;
- Ionchur ag an Rannán Iompair sa Scéim Pleanála do Chrios Forbartha Straitéisí Choill na Silíní, Plean Limistéir Áitiúil

Bhaile na nGabhar agus Creatphlean Uirbeach Áth an Ghainimh;

Tionscnaimh don taisteal inbhuanaithe i nDLRD curtha chun cinn i gcomhar leis an Roinn Iompair, an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus gníomhaireachtaí eile agus an méid seo a leanas déanta:

- Plean Bainistíochta don Réthaisteal ar fud Limistéar Áth an Ghainimh seolta.
- Imeachtaí poiblí mar shampla "Rothaíocht do Theaghlaigh na Ráillí" agus "Active 8" curtha ar siúl i gcaitheamh na Seachtaine Rothaíochta agus Sheachtain Réthaistil na hEorpa;
- Taisteal inbhuanaithe curtha chun cinn i scoileanna ar fud an Chontae trí chomórtas ealaíne agus trí fheachtais phóstaer a eagrú;
- Tháinig Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin sa dara háit i mbronnadh Gradam an Taistil Ghlais faoin gcatagóir "Iompar";
- Pointe lucht leictrigh seolta i lár Dhún Laoghaire;
- Tuilleadh oibre déanta ar chlár suiteála na seastán rothar i láithreacha poiblí, mar shampla Láithreacha atá ag Ionad Fóillíochta DLRD.

## An Rannán Tráchta

- An obair thógála ar scéimeanna dhá mhórlána bus ar Ascaill na Cille agus Cuid 2 de mhórlána bus Bhóthar Bhaile an Teampaill Uachtarach críochnaithe;
- Osclaíodh 6 cinn nua d'acomhail soilsithe tráchta; rinneadh uasghrádú ar dheich n-acomhal soilsithe.
- Osclaíodh sé cinn nua de thrasrianta soilsithe coisithe, agus rinneadh uasghrádú ar cheithre thrasrian coisithe.
- Uasghrádaíodh cúig acomhal neamhshoilsithe.
- Osclaíodh rotharbhealach in aghaidh an tsrutha ar Ascaill an Bhaile Nua, An Charraig Dhubh agus rotharbhealach ar Ascaill Pháirc an Bhaile Nua, An Charraig Dhubh;
- Áiríodh leis na feabhsúcháin eile a rinneadh le haghaidh na rothaíochta dhá áiritheoir rothar a shuiteáil ar an N11 agus ar Bhóthar Chluain Sceach chomh maith le 52 spás nua páirceála do rothair a réiteach i láithreacha ar fud an Chontae.
- Rinneadh obair fheabhsúcháin freisin ar na rotharbhealaí atá ar an N11 de réir na dtreoirlínte deartha is déanaí a chuir an tÚdarás Náisiúnta Iompair ar fáil;
- Chuaigh an obair ar aghaidh freisin ar an Athbhreithniú ar an Líonra Rothaíochta ar fud an Chontae inar aimsíodh na háiseanna rothaíochta atá ann, na constaicí a chuirfeadh as di, limistéir ina dtabharfaí tús áite d'fheabhsúcháin bunaithe ar éileamh agus ar an gcaighdeán seirbhíse agus scrúdaíodh roghanna i dtaobh comharthaí bealaí agus léarscáileanna;
- Tugadh 13 acomhal eile isteach faoi SCATS, an riailchóras oiriúnaitheach tráchta. Cuireadh córas TCI atá i bhfeidhm ar an líonra tráchta ar 7 láthair eile sa Chontae;
- Suiteáladh comharthaí an chórais Faisnéise Fíor-Ama do Phaisinéirí (RTPI) i gcomhar le Bus Átha Cliath agus cuireadh ag obair iad in 14 láthair ar fud an Chontae. Ina theannta sin, rinneadh uasghrádú ar 32 stad bus eile ionas go mbeadh sé níos éasca dul ar bord agus go mbeadh bealach isteach ann do chathaoireacha rothaí ag úsáideoirí soghonta bóithre;

Comhartha Eolais Fíor-Ama do Phaisinéirí



- Dhéileáil an Rannán Tráchta le 253 iarraidh ar mharcanna agus ar chomharthaí nua bóthair mar chuid den phróiseas a bhí ar siúl ag an nGrúpa Comhairleach Tráchta i gcomhairle le rannán Tráchta an Gharda Síochána a scrúdaíonn gach iarraidh ar chomharthaí agus línte reachtúla bóthair;
- Dearadh agus rinneadh na treochomharthaí do bhóthar an R118 ón M50 go Dún Laoghaire agus críochnófar an conradh suiteála in 2012. Críochnaíodh na treochomharthaí ar Scéim Feabhsúcháin Bhóthar Bhaile Uí Mhurchú;
- Crochadh dhá chomhartha sráidbhaile i mBaile an Teampaill agus i gCarraig an tSionnaigh i gcomhairle le háitritheoirí agus gnóthais áitiúla;
- Rinneadh dul chun cinn freisin ar an obair ar an tionscadal don Chontae, an Torann a Mhapáil, a rinneadh faoi threoir ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Is ceanglas é seo a bhíonn le cur i gcrích gach 5ú bliain faoi Rialacháin AE.

## An Rannán um Shábháilteacht ar Bhóithre

Feidhmíonn an Rannán um Shábháilteacht ar Bhóithre seirbhís Maor Scoile a fhreastalaíonn ar na mílte leanbh a bhíonn ag freastal na scoile i gcaitheamh na dtéarmaí scoile agus is 75 maor a chuireann an tseirbhís ar fáil ar 69 láthair ar fud an Chontae. Is é an Rannán um Shábháilteacht ar Bhóithre a fhostaíonn na maoir, a chuireann faoi oiliúint iad agus a dhéanann iad a bhainistiú. Cuireadh seirbhís nua maor scoile i bhfeidhm ar bhóthar an N11 le hais Choláiste Fhearann an Choirce.

Eisíodh 'Ag Siúl to School', an doiciméad bus siúil, ar gach bunscoil sa Chontae.

Tugadh faoi seacht dtionscadal ar chostas íseal a bhain le sábháilteacht níos fearr/cigireacht agus cosc ar thimpistí. Leanadh de na hoibreacha feabhsúcháin ar thrasdulta na rotharbhealach feadh an N11 agus uasghrádaíodh na háiseanna rothaíochta ag stadanna bus ar an N11 de réir na moltaí atá sa dréacht den Lámhleabhar Náisiúnta um Dhearadh Rothaíochta.

Cuireadh cúrsa oiliúna agus tástála rothaíochta ar fáil do na bunscoileanna go léir sa Chontae. Cuireadh tús leis an oiliúint i M. Fómh. 2011, agus bronnadh teastais i gcumas rothaíochta ar 711 dalta in 19 scoil.

Rinneadh oibreacha chun an tsábháilteacht a bheith níos fearr le hais 17 scoil sa Chontae.

Suiteáladh trasrianta agus áiseanna feabhsaithe do choisithe dá ngabhann mallachar amhairc agus gluaiseachta. Suiteáladh comharthaí foláirimh luais i limistéir inar saincheist aitheanta é an luas. Feabhsaíodh an bonneagar i limistéir arb eol timpistí a bheith ag tarlú iontu.

Bhí páirt ghníomhach ag Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin i bPleananna Forfheidhmithe an Gharda Síochána chun an líon Taismí a ísliú; bhí na feachtais ar siúl san Aibreán/Bealtaine agus i nDeireadh Fómhair/Samhain. Díríodh aird ar choisithe agus ar rothaithe le linn na bhfeachtas sin.

Meastar gur éirigh go maith leis an bhfeachtas sin mar gur thit líon na mbásanna ar na bóithre i mBaile Átha Cliath ó 32 in 2009 go 19 in 2010 agus go líon measta de 10 in 2011. Tá figiúirí Dhún Laoghaire san áireamh i bhfigiúirí Bhaile Átha Cliath. Tharla 1 bhás amháin ar an mbóthar i nDún Laoghaire in 2011.

Ag cartadh an tsneachta, Bóthar Thaobh na Coille, Áth an Ghainimh



# An Rannóg Seirbhísí Uisce & Dramhaíola

Soláthraíonn an Rannóg Seirbhísí Uisce agus Dramhaíola raon seirbhísí riachtanacha agus is í atá freagrach as soláthar, cothabháil agus bainistiú an tsoláthair uisce phoiblí agus na gcóras draenála ar fud an Chontae agus is í atá freagrach freisin as bainistiú agus forfheidhmiú forálacha dramhaíola.

## Seirbhísí Uisce

Tá soláthar uisce atá leordhóthanach, go maith agus ar féidir brath air ar cheann de na seirbhísí is tábhachtaí a sholáthraíonn údarás áitiúil. Gabhann os cionn 1,000 km de phríomhlíonra, mar aon le taiscumair, stáisiúin chaidéalúcháin agus oibreacha cóireála leis an gcóras soláthar uisce atá i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin. Cumhdaítear ceann de na líonraí is sine in Éirinn i limistéar feidhme na Comhairle: seanlíonra is ea go leor den líonra – leagadh 8% de roimh 1900 agus 40% roimh 1960. Fágann sin go mbíonn ardleibhéal cothabhála agus deisiúcháin le déanamh air a ardaíonn an costas oibre. San am céanna, is ar éigean a gheofaí uisce dá cháilíocht in aon áit sa tír agus seoltar torthaí na dtástálacha a dhéantar ar cháilíocht an uisce go rialta ar shuíomh gréasáin na Comhairle.

Bailítear an t-uisce bréan i líonra píopaí agus cóireáiltear é sna hIonaid Chóireála Fuíolluisce i Seangánach agus sa Rinn. Bailítear an t-uisce dromchla agus scaoiltear isteach sna haibhneacha sa chomharsanacht nó san fharraige é.

### Tionscadail

Meastar gur 26% ar an meán an sceitheadh uisce a tharla sa chontae sa bhliain 2011, titim ó 29% in 2010. Athshlánú na bpríomhlíonraí uisce sa chontae ba chúis leis an titim, go formhór. Leanadh d'athshlánú na bpríomhlíonraí uisce faoi thionscadal Athshlánaithe Phríomhlíonra Uisce Réigiún Bhaile Átha Cliath ar a ndéanann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil páirtchistiú. Rinneadh dul chun cinn san obair athshlánaithe sna limistéir seo – An Charraig Dhubh, Cnoc Mhuirfean, an tÁth Leathan, Ardach, agus Gráinseach an Déin – ó tosaíodh ar an tionscadal sa bhliain 2008 agus tá tuilleadh oibre a bheidh le críochnú in 2012 ar bun sa Naigín, i mBaile na Manach agus i nGleann na gCaorach.

Cuireann an Rannán um Rialú ar Thruailliú Uisce an tAcht Rialtais Áitiúil (Truailliú Uisce) 1977 (arna leasú 1990) i bhfeidhm agus déanann sé monatóireacht ar an gcáilíocht uisce in aibhneacha an Chontae tríd an gcóras forleathan samplála agus anailísithe atá aige. Ghlac an Chomhairle an Clár Beart maidir le Ceantar Abhantraí an Oirthir. Ceapadh na bearta seo

Scéim Dhreanála Sheangánaí/Bhré



chun an cháilíocht uisce a chosaint agus a fheabhsú go dtí an stádas comhshaoil 'maith' arna shainmhíniú faoin gCreat-treoir Uisce.

Tá bailchríoch curtha anois ar an staidéar ar fho-dhobharcheantar Áth an Ghainimh/Stigh Lorgan agus táthar ag dul chun cinn leis an obair dhearaidh agus thógála a bhaineann le go leor de na bearta tábhachtacha feabhsúcháin a moladh.

### Scéim Soláthar Uisce Ardleibhéil Áth an Ghainimh

Déantar foráil faoin Scéim seo do bhonneagar cuí dáilte uisce i limistéir nuafhorbartha agus i limistéir i mbéal forbartha atá gar d'Áth an Ghainimh, Baile Uí Ógáin, An Chéim agus Cill Tiarnáin. Tá an córas nua ag obair ó lár na bliana 2011 agus d'oscail an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil go hoifigiúil í i Meán Fómhair.

### Príomhscéim Draenála Sheangánaí/Bhré

Conradh Uimh. 1; Ionad Cóireála Fuíolluisce a uasghrádú chun cóireáil thánaisteach iomlán fuíolluisce a dhéanamh ar an uisce as dobharcheantair Sheangánaí agus Bhré (daonra 186,000 duine). Tosaíodh ar an obair thógála i ndeireadh 2008. Críochnaíodh na hoibreacha innealtóireachta sibhialta in 2011 agus tosaíodh ar an gcóireáil iomlán ar an bhfuíolluisce go luath in 2012.

Conradh Uimh. 2; An Phíblíne Aistrithe. I lár 2011, tosaíodh ar an obair chun píblíne a thógáil chun an t-uisce a thabhairt ó abhantrach Bhré go dtí na hoibreacha uasghrádaithe i Seangánach. Tá sé ceaptha do na hoibreacha seo a bheith críochnaithe san Fhómhar 2012 agus ansin cóireálfar an t-uisce go léir a bheidh ag teacht as na habhantracha uile le chéile ionas go gcomhlíonfaidh siad an caighdeán a cheanglaítear faoin Treoir maidir le Fuíolluisce Uirbigh.

### Scéim Feabhsúchán Srutha Dhún Carúin/ Maretimo

Tosaíodh ar an obair thógála ar an scéim mhaolaithe tuilte seo i lár 2011 agus tá sé ceaptha di a bheith críochnaithe sa dara leath de 2012. Nuair a bheidh an scéim críochnaithe cinnteoidh sí go mbeidh an cumas sa sruth uasghrádaithe déileáil le sruthanna uisce de bharr titime báistí a tharlódh 1 bhliain as gach 100 bliain.

## BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA

### AN tAONAD FORFHEIDHMITHE

Is é an tAonad Forfheidhmithe Comhshaoil a dhéanann monatóireacht ar na réimsí reachtacha a bhaineann leis an truailliú ó Dhramhaíl, san Aer agus ó Thorann chun cinntiú go gcomhlíonfaidh táirgeoirí dramhaíola agus tionscnóirí seirbhísí dramhaíola na Rialacháin ábhartha go hiomlán. Déanann an tAonad Forfheidhmithe gníomh forfheidhmiúcháin más gá lena n-áirítear Fógraí Reachtúla a sheirbheáil agus imeachtaí ionchúisimh a thionscnamh nuair a sháraítear na Rialacháin.

Tá feidhm ag na Rialacháin éagsúla le gnóthais amhail, mar shampla, bialanna (dramhbhia), ionaid tirimghlantacháin agus ionaid deisithe feithiclí tuairte (tuaslagáin i bpéint agus i leachtanna glantacháin), garáistí (boinn, cadhnraí, ola agus dramhearraí guaiseacha eile), ospidéil agus tithe banaltrais (fuíollábhair leighis).

Déantar Cláir Phoiblí a chothabháil maidir le Ceadanna Saoráidí Dramhaíola, Ionaid Tirimghlantacháin, Ionaid Deisithe Feithiclí Tuairte, díoltóirí Cadhnraí agus Taisc-Chadhnraí mar aon le Táirgeoirí Pacáistithe a chomhlíonann na rialacháin ar an mbonn iad féin a rialú, Stáisiúin Peitril agus Díoltóirí Bonn.

## Ionaid Athchúrsála

### Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin

Ba 8,482 tonna an tonnáiste d'ábhar in-athchúrsáilte a tarraingíodh chuig Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin sa bhliain 2011. Is féidir le daoine araidí múirín agus bairillí a cheannach i bPáirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin. Díoladh 145 Araid Mhúirín agus 142 Bairille in 2011.

### Ionad Athchúrsála Pháirc Éidin

Tarraingíodh 434.08 tonna d'ábhair in-athchúrsáilte chuig Ionad Athchúrsála Pháirc Éidin sa bhliain 2011.

### Ionad Athchúrsála Sheangánaí

Tarraingíodh 295.28 tonna d'ábhair in-athchúrsáilte chuig Ionad Athchúrsála Sheangánaí sa bhliain 2011.

### Ionaid Beir Leat

Tá 44 ionad á gcur ar fáil ag an gComhairle. Tugadh 2,333.68 tonna san iomlán d'ábhair in-athchúrsáilte chuig na hionaid le linn na bliana.

### Gnó Glas

Ba é Cumann Lucht Tráchtála DLRD a d'eagraigh bronnadh Ghradaim EnviroCom 2011 agus ba í Comhairle Contae DLRD a rinne an urraíocht orthu.Bhí siad seo a leanas i mbun urraíochta freisin- Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Fáilte Ireland, Fuinneamh Inmharthana Éireann, An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Bord Fiontar Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Carranna Leictreacha BSL agus United Retek Ltd. Ba iad Gazette Group Newspapers an comhpháirtí ó na meáin. Ba í an tOifigeach Gnó Glas ionadaí Chomhairle Contae DLRD ar phainéal moltóirí na nGradam, an cúigiú bliain aici air. Áiríodh corparáidí móra, gníomhaireachtaí poiblí, an earnáil dheonach agus cuideachtaí gorlainne a fheidhmíonn sa Chontae i measc na mbuaiteoirí.

Clár tacaíochta comhshaoil agus deimhnithe trí bliana é an Clár Ecocert a seoladh sa bhliain 2011 ar mhaithe leis na gnóthais ionas go bhféadfaí spáráil a dhéanamh i mbainistíocht dramhaíola, uisce agus fuinnimh. Comhpháirtíocht idir an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Econcertive agus

cúig údarás áitiúla lena n-áirítear Comhairle Contae DLRD is ea an Clár Ecocert. Áirítear cuideachtaí sna hearnálacha miondíola, cógaisíochta, airgeadais agus oideachais leis na rannpháirtithe.

Eagraíodh 5 Lá Bailithe Dramhthrealaimh Leictrigh agus Leictreonaigh (WEEE) sa Chontae in 2011 agus bailíodh 61.4 tonna dramhthrealamh WEEE. Laghdú beartaithe sna hócáidí bailiúcháin a bhí anseo i gcomparáid le 2010 (11 ócáid bailiúcháin) ar mhaithe le héifeachtúlacht a fheabhsú sa tseirbhís seo ag éirí as an athbhreithniú a rinneadh ar an méid a bhí á bhailiú le linn ócáidí a bhíodh ann i gcomhar le Bainistíocht Eastát. Fostaíodh Tionscnamh Athchúrsála Phobal Chluain Dolcáin chun tabhairt faoi ábhar a bhailiú ó dhoras go doras i gcomhar le Bainistíocht Eastát de réir mar ba ghá. Bailíodh 31.44 tonna eile d'ábhar WEEE de bharr na mbailiúchán seo ó dhoras go doras agus ba bheag an difríocht a bhí idir iomlán na dtonnaí den ábhar WEEE a bailíodh in 2011 (93 tonna) agus an t-iomlán (95 tonna) a bailíodh in 2010.

Scéim Soláthar Uisce Ardleibhéil Áth an Ghainimh





## SCEIDEAL 1

| | |
|---|---|
| Saoráidí Cláraithe/Ceadanna Eisithe | 565 |
| Forfheidhmiú Forálacha Dramhaíola | |
| Ceadúnais Fuíolluisce | 39 |
| Cigireachtaí | 623 |
| Forfheidhmiú Forálacha Dramhaíola | |
| Uisce agus Fuíolluisce | 1537 |
| Gearáin a fuarthas | 171 |
| Forfheidhmiú Forálacha Dramhaíola | |
| Uisce agus Fuíolluisce | 3628 |
| Gníomhartha Forfheidhmithe | 25 |
| Forfheidhmiú Forálacha Dramhaíola | |
| Uisce agus Fuíolluisce | 87 |

# Ráitis Bhliantúla Airgeadais 2011

# Clár Comhardaithe Don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2011

| | €'000 |
|---|---|
| Sócmhainní Seasta | 3,430,865,417 |
| Obair idir Lámha | 115,698,524 |
| Fiachóirí Fadtéarmacha | 155,139,373 |
| Glansócmhainní Reatha | 122,284,774 |
| Creidiúnaithe Fadtéarmacha | -238,828,983 |
| **Glansócmhainní** | **3,585,159,105** |

## Maoinithe ag:

| | |
|---|---|
| Cuntas Caipitlithe | 3,430,865,418 |
| Obair idir Lámha | 107,718,915 |
| Cúlchiste Ioncaim Shonraigh | 18,452,967 |
| Comhardú cúlchiste ginearálta | 9,500,465 |
| Iarmhéideanna eile | 18,621,343 |
| **Iomlán** | **3,585,159,108** |

# Cuntas Ioncaim & Caiteachais don Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2011

| | Ollchaiteachas 2011 € | Ioncam 2011 € | Costas Glan 2011 € |
|---|---|---|---|
| TITHÍOCHT AGUS TÓGÁIL | 27,522,747 | 23,794,009 | 3,728,738 |
| IOMPAR AR BHÓITHRE & SÁBHÁILTEACHT | 26,704,227 | 10,929,263 | 15,774,964 |
| SOLÁTHAR UISCE & SÉARACHAS | 29,365,454 | 10,035,672 | 19,329,782 |
| DREASACHTAÍ & RIALÚ FORBARTHA | 12,204,231 | 1,815,249 | 10,388,982 |
| COSAINT AN CHOMHSHAOIL | 23,690,533 | 10,040,210 | 13,650,323 |
| CAITHEAMH AIMSIRE & CONLÁISTE | 24,569,268 | 3,989,192 | 20,580,076 |
| TALMHAÍOCHT, OIDEACHAS, SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT | 7,900,910 | 6,855,921 | 1,044,989 |
| SEIRBHÍSÍ ILGHNÉITHEACHA | 21,130,575 | 7,210,056 | 13,920,519 |
| **Caiteachas / Ioncam Iomlán** | **173,087,945** | **74,669,572** | 98,418,373 |
| Costas glan na gclár le cistiú as: | | | |
| Ioncam Rátaí | | | 88,948,647 |
| Asbhaint Bainteach le Pinsean | | | 2,980,384 |
| Ciste an Rialtais Áitiúil | | | 28,395,175 |
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain | | | 21,905,833 |
| Aistriú ó / (go) cúlchistí | | | -21,514,851 |
| Barrachas foriomlán / (easnamh) don bhliain | | | 390,982 |
| Cúlchiste ginearálta @ 1 Eanáir | | | 9,109,483 |
| **Cúlchiste ginearálta @ 31 Nollaig** | | | **9,500,465** |

# Táscairí Seirbhíse 2011

Foilseofar na Táscairí Seirbhísí a luaithe is a bhíonn siad ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

| Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | |
|---|---|
| **F:** SEIRBHÍS DÓITEÁIN | |
| **F1:** FEIDHMIÚ NA SEIRBHÍSE DÓITEÁIN | |
| **A.** An t-achar, ar an meán, i nóiméid, a thóg sé ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiúin Lánaimseartha a bheith réitithe i gcomhair dóiteáin | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **B.** An t-achar, ar an meán, i nóiméid, a thóg sé ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís choinnithe dóiteáin) a bheith réitithe i gcomhair dóiteáin | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **C.** An t-achar, ar an meán, i nóiméid, a thóg sé ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiúin Lánaimseartha a bheith réitithe i gcomhair teagmhais eile éigeandála | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **D.** An t-achar, ar an meán, i nóiméid, a thóg sé ar bhriogáidí dóiteáin i Stáisiúin Pháirtaimseartha (seirbhís choinnithe dóiteáin) a bheith réitithe i gcomhair teagmhais eile éigeandála | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **F.2** Céatadán den am a thóg sé ar bhriogáid a bheith i láthair ar láithreacha | |
| **A.** Céatadán cásanna dóiteáin ina mbeadh an chéad bhriogáid ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **B.** Céatadán cásanna dóiteáin ina mbeadh an chéad bhriogáid ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **C.** Céatadán cásanna dóiteáin ina mbeadh an chéad bhriogáid ar an láthair tar éis 20 nóiméad | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **D.** Céatadán cásanna i ndáil le teagmhais eile éigeandála ina mbeadh an chéad bhriogáid ar an láthair taobh istigh de 10 nóiméad | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **E.** Céatadán cásanna i ndáil le teagmhais eile éigeandála ina mbeadh an chéad bhriogáid ar an láthair tar éis 10 nóiméad ach taobh istigh de 20 nóiméad | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **F.** Céatadán cásanna i ndáil le teagmhais eile éigeandála ina mbeadh an chéad bhriogáid ar an láthair tar éis 20 nóiméad | Is í Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an tÚdarás Dóiteáin i gcomhair limistéar iomlán Bhaile Átha Cliath. |
| **F.3** Cosc Dóiteáin | |
| **A.** Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú ar shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas | 153 |
| **B.** Líon iomlán na n-iarratas ar dheimhniú ar shábháilteacht ó dhóiteán a próiseáladh (lena n-áirítear cásanna a measadh nár chásanna bailí a bhí iontu) | 165 |
| **C.** Líon iomlán na n-iarratas a measadh nár chásanna bailí a bhí iontu | 12 |

